



Oifig Maoine
Intleachtúla na hÉireann
Intellectual Property
Office of Ireland

Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann

Tuarascáil Bhliantúil 2024



Clár Ábhair

Brollach	5
1.0 Feidhmeanna, Misean agus Cuspóirí an IPOI	8
1.1 Cuspóir 1 - Sármhaitheas Oibríochta agus Seirbhíse do Chustaiméirí	9
1.2 Cuspóir 2 - Sármhaitheas i Seirbhísí Faisnéise	9
1.3 Cuspóir 3 - Tacú le Creat Dlíthiúil Láidir IP	10
1.4 Cuspóir 4 - Sármhaitheas na Foirne agus san Ionad Oibre	11
2.0 Treochtaí agus Táscairí Maoine Intleachtúla	12
2.1 Paitinní	13
2.1.1 Iarratais Náisiúnta ar Phaitinní	13
2.1.2 Deimhnithe Forlíontacha Cosanta (SPCanna)	13
2.1.3 Paitinní na hEorpa lena n-ainmnítear Éire	13
2.2 Trádmharcanna agus Dearaí	15
2.2.1 Trádmharcanna an Aontais Eorpaigh (EUTManna) agus Dearaí Pobail Cláraithe (RCDanna)	15
2.2.2 Trádmharcanna Idirnáisiúnta	15
2.3 Iarratais Mhaidrid	16
2.4 An Iris Oifigiúil	16
3.0 Comhoibriú Idirnáisiúnta	17
3.1 Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)	17
3.2 An Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil (WIPO)	19
3.3 Oifig na bPaitinní Eorpacha (EPO)	19
4.0 Imeachtaí 2024	20
5.0 Suíomh Gréasáin agus na Meáin Shóisialta	24
5.1 Clár um Maoin Intleachtúil san Oideachas	25
6.0 Ráiteas Dualgais na hEarnála Poiblí	26
7.0 Eagrú agus Soláthar Foirne	28

8.0	Éifeachtúlacht Fuinnimh san IPOI	29
9.0	Staitisticí Gnó	30
9.1	Paitinní	30
9.1.1	Deimhnithe Forlíontacha Cosanta	31
9.1.2	Iarratais ar Phaitinní Eorpacha	31
9.1.3	Clár na nGníomhairí Paitinne	32
9.1.4	Aicmiú na bPaitinní a Deonaíodh in 2024	33
9.2	Trádmharcanna	34
9.2.1	Caicmiú Trád Maharcanna Cláraíodh In 2024	35
9.2.2	Clár na nGníomhairí Trádmharcanna	36
9.3	Dearaí	37
9.3.1	Aicmiú Dearthaí a Cláraíodh in 2024	38
9.4	Cóipcheart	39
9.4.1	Comhbhainistíocht Ceart (CRM)	39
9.4.2	Tagairtí don Cheannasaí faoin Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000	39
9.4.3	Cláir na gComhlachtaí Ceadúnúcháin faoin Cóipcheart agus Ceart Gaolmhar, 2000	40
9.4.4	Saothair Dhílleachtacha	40
10.0	An Bosca Forbatha Eolais	41
11.0	Reachtaíocht	42
12.0	Faisnéis Airgeadais	43
12.1	Ráltais agus Speansais - An Bhlian dar Críoch an 31 Nollaig 2024	44
13.0	Spriocanna Feidhmiúcháin 2024	46



Brollach



Tá sé mar onóir dom mo Thuarascáil Bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, ionas gur féidir í a chur os comhair gach Tí den Oireachtas de réir Alt 103 d'Acht na bPaitinní, 1992.

Baineann mo Thuarascáil le comhlíonadh m'fheidhmeanna reachtúla faoi Acht na bPaitinní, 1992 (arna leasú), Acht na dTrádmharcanna, 1996 (arna leasú), an tAcht um Dheartháí Tionscail, 2001, an tAcht um Chóipcheart agus Ceart Gaolmhar, 2000, na Rialacha Reachtúla agus Rialacháin éagsúla a rinneadh faoi na hAchtanna seo; agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Deimhniú Forlíontach Cosanta). Tá cinntí faoi na hAchtanna, na Rialacha agus na Rialacháin seo le mo chumas reachtúil, faoi réir cearta áirithe achomhairc chuig an Ard-Chúirt. Cuimsíonn mo Tuairisc freisin tuairisc ar Scéim Dheimhniúcháin KDB mar a éilítear faoi Alt 18 den Acht um Bosca Forbartha Eolais (Deimhniú Aireagán) 2017.

Chomh maith lena phríomhghnó arb é an reachtaíocht ábhartha a bhaineann le hiarratais ar chearta maoine intleachtúla (Paitinní, Deimhnithe Forlíontacha Cosanta (SPCanna), Trádmharcanna agus Dearaí Tionsclaíocha) a riar agus cláir leictreonacha agus bunachair shonraí na gceart sin a choinneáil, comhlíonann Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann (IPOI) roinnt feidhmeanna oibríochtúla agus rialála lena n-áirítear:

- Imeachtaí a riar os comhair an Rialaitheora maidir le cearta Maoine Intleachtúla lena n-áirítear éisteachtaí ar chur i gcoinne clárúcháin trádmharcanna.
- Cláir aturnaetha Paitinne agus Trádmhairc a choinneáil atá údaraithe oibriú sa Stát.
- Clárú agus tuairisciú comhlíontachta ag comhlachtaí um cheadúnú cóipchirt/eagraíochtaí comhbhainistíochta a riaradh chomh maith le réiteach díospóidí maidir le méideanna ríchiosa is iníoctha leis na comhlachtaí siúd a thagann chun cinn go príomha i réimse an taispeántais taifeadtaí fuaime phoiblí.
- Cur le forbairt beartais agus reachtaíochta maidir le cearta maoine intleachtúla.
- Cúnamh agus faisnéis a chur ar fáil ar chearta maoine intleachtúla.

Cuireann mo thuarascáil faisnéis níos mionsonraithe ar fáil ar an gcaoi ar chomhlíon an Oifig a feidhmeanna reachtúla agus rialála éagsúla mar aon leis na gníomhaíochtaí coimhdeacha agus tacaíonn réimse staitisticí gnó léi.

I measc na bpríomhstaitisticí gnó, go hachomair, tá na nithe seo a leanas,

- Fuarthas 774 iarratas Náisiúnta ar Phaitinní, agus deonaíodh 110 Paitinn; Fuarthas 53 iarratas ar Dheimhnithe Forlíontacha Cosanta agus deonaíodh, diúltaíodh, nó tarraingíodh siar 13 díobh. Ainmníodh Éire le 194,693 iarratas ar Phaitinní Eorpach le linn 2024.
- Fuair an Oifig 2,336 iarratas ar Thrádmharc Náisiúnta agus 829 Clárú Trádmharc Idirnáisiúnta ag ainmniú Éire. Cláraíodh 1,949 iarratas Trádmharc Náisiúnta agus cosnaíodh 742 Clárú Trádmharc Idirnáisiúnta. Fuarthas 51 iarratas Dearaidh Náisiúnta, ina raibh 109 Dearaidh, agus cláraíodh 107 Dearadh faoi dheireadh na bliana.
- D'fhreastail an Oifig ar an líon is mó imeachtaí bailithe faisnéise in 2024. Ina measc seo bhí Taispeántas Eolaí Óg & Teicneolaíochta BT, Gradaim Chlár Fiontar na Mac Léinn, na Craobhacha Náisiúnta Treabhdóireachta, chomh maith le comhoibriú leis an Líonra Fiontar Áitiúil agus cur i láthair a chur ar fáil ag breis is 45 meánscoil.
- Mar gheall ar shíorathrú foirne – athrú 23% – ba bhliain thástála í seo. Mar sin féin, baineadh amach formhór spriocanna seirbhíse do chustaiméirí an IPOI go leibhéal sásúil agus ba é 85% an meánráta gnóthachtála.

Le linn 2024, lean Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann de bheith ag comhlíonadh a príomhfheidhmeanna chun nuálaíocht in Éirinn a chur chun cinn, a thacú agus a chosaint go gníomhach, rud a chuireann le geilleagar Éireannach níos láidre agus níos iomaíche.

In ainneoin feabhas beag ar fhás agus ar threochtaí eacnamaíocha, agus geilleagar intíre na hÉireann ag feidhmiú go maith le dífhostaíocht íseal, boillsiú ag titim, agus pá ag méadú, bhí dúshlán thromchúiseacha fós ag baint leis an mbliain do ghnó ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE. Slabhraí soláthair domhanda atá leochaileach i leith teannas geopholaitiúil agus ilroinnt trádála, na hábhair imní slándála leanúnacha ar fud an AE, an cogadh leanúnach san Úcráin agus an choimhlínt thromchúiseach i nGaza agus sa Bhruach Thiar, agus tionchar diúltach acu ar fad ar mhuinín agus ar thrádáil. Mar thoradh ar an téarnamh eacnamaíoch, tá fás seasta ach measartha tagtha ar líon na n-iarratas ar Mhaoin Intleachtúil atá á gcomhdú ar fud na hÉireann agus i gcóras an Aontais Eorpaigh.

Ar an leibhéal náisiúnta, lean Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann de bheith ag cur le roinnt comhdhálacha, taispeántas agus seimineár ar Mhaoin Intleachtúil. I mí na Bealtaine, d'óstáil an Oifig an 4ú cruinniú de Líonra Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPN). Is é príomhchuspóir EUIPN comhar a chothú i measc Oifigí Maoine Intleachtúla náisiúnta agus réigiúnacha an AE, comhlachais úsáideoirí, gníomhaireachtaí AE, agus úsáideoirí IP chun taithí ardcháilíochta a sholáthar d'úsáideoirí an chórais IP trí sheirbhísí leictreonacha cothrom le dáta a sholáthar, rochtain ar fhaisnéis

a éascú, agus cleachtais a chomhtháthú maidir leis an gcaoi a ndéanann oifigí IP scrúdú agus meastóireacht ar chearta IP.

Ar an leibhéal idirnáisiúnta, rinne an Chúirt Aontaithe Paitinne agus an córas aonadach paitinne dul chun cinn suntasach ina céad bhliain iomlán oibríochta, rud a chuidigh le forfheidhmiú paitinne a shimpliú ar fud na hEorpa, ag laghdú costais agus ilroinnt dhlíthiúil. D'óstáil an Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil (WIPO) dhá mhórchomhdháil taidhleoireachta a dhírigh ar chreataí dlí idirnáisiúnta i maoin intleachtúil a chur chun cinn; Bhain an chéad cheann, i mBealtaine 2024, le hAcmhainní Géiniteacha agus Eolas Traidisiúnta, agus ag tabhairt aghaidh ar thrasnú maoine intleachtúla le hacmhainní géiniteacha agus le heolas traidisiúnta. Chuir an dara Comhdháil Taidhleoireachta, a tionóladh i mí na Samhna 2024, Conradh um an Dlí Deartha i gcrích agus ghlac sí leis chun cabhrú leis an gcóras domhanda chun dearaí tionsclaíocha a chosaint a shruthlíniú, rud a fhágann go mbeidh sé níos éasca, níos tapúla agus níos inacmhainne do dhearthóirí a gcuid oibre a chosaint i margaí baile chomh maith le thar lear.

Ní bheadh ár gcuid oibre indéanta gan comhoibriú láidir na gcomhlachtaí ionadaíocha poiblí agus príobháideacha a bhfuil cuid mhaith acu ann, agus a bhfuil fócas gearr acu ar an éiceachóras maoine intleachtúla a fheabhsú do ghnólachtaí Éireannacha agus d'úsáideoirí na gcóras Maoine Intleachtúla. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhlachtaí ionadaithe Maoine Intleachtúla na hÉireann agus leis an bpobal gnó as a dtacaíocht i rith na bliana. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don chomhoibriú, cúnamh agus comhar den scoth a cothaíodh le EUIPO, EPO agus WIPO.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht a thug an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta don Oifig, rud atá ríthábhachtach chun feidhmeanna reachtúla an IPOI a chomhlíonadh. Dá réir sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Uasal Declan Hughes, Ard-Rúnaí, agus leis an Uasal John Newham, Ard-Rúnaí Cúnta. Ba mhaith liom freisin aitheantas a thabhairt don tacaíocht a thug an tAonad um Maoin Intleachtúil le linn 2024, go háirithe ó Tara Coogan Uasal agus Jean O'Neill Uasal.

Ba mhaith liom buíochas speisialta a ghabháil le mo chomhghleacaithe go léir ón IPOI as a gcuid oibre crua agus a ngairmiúlacht in 2024. Ba mhaith liom freisin aitheantas a thabhairt do bhaill foirne IPOI a d'fhág an Oifig in 2024 de bharr scor, ardú céime, agus soghluaisteachta, agus buíochas a ghabháil leo as a dtacaíocht dhílis. Cuirim fáilte roimh gach ball nua den fhoireann a thosaigh linn in 2024.



James Kelly
Controller of Intellectual Property

1.0

Feidhmeanna, Misean agus Cuspóirí an IPOI

Is oifig reachtúil neamhspleách í Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann (IPOI) faoi choimirce na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta atá freagrach as cearta maoine intleachtúla (IPRanna) a dheonú agus a chlárú in Éirinn, go háirithe cearta paitinne, trádmharcanna agus dearaidh thionsclaíoch. Tá 46 státseirbhíseach ag obair san IPOI atá sannta ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Le linn 2024, lean an Oifig ag obair i dtreo na spriocanna straitéiseacha atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise IPOI 2023-2025 a bhaint amach. Tá na tosaíochtaí seo ailínithe le Ráiteas Straitéise na Roinne freisin. Go sonrach, rannchuideoidh straitéis IPOI leis an toradh inmhianaithe a bhaint amach, is é sin “timpeallacht ghnó a éascaíonn infheistíocht agus forbairt, iomaíocht sa mhargadh, agus caighdeán arda cosanta do chustaiméirí” trí leanúint de chóras rialála nua-aimseartha a fhorbairt do mhaoin intleachtúil, rud a spreagann fás eacnamaíoch trí nuálaíocht a spreagadh.

Is é príomh-mhisean an IPOI: ***“Oifig Maoine Intleachtúla nua-aimseartha digitithe a sheachadadh, nuálaíocht agus fiontraíocht a spreagadh, a sholáthraíonn seirbhísí gairmiúla den chéad scoth le bheith bródúil astu”***. Bainfear an cuspóir seo amach trí chearta maoine intleachtúla (IPRanna) i bpaitinní, i dtrádmharcanna agus i ndearaí a chosaint laistigh de chreat dlíthiúil láidir a chuireann nuálaíocht chun cinn in Éirinn. Ina theannta sin, tá sé mar aidhm ag an IPOI eolas inrochtana faoi IPRanna agus faoin gcóras maoine intleachtúla níos leithne a scaipeadh go gníomhach.

Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise IPOI reatha 2023 go 2025 príomhthosaíochtaí na hOifige, atá ailínithe le ceithre chuspóir straitéiseacha mar seo a leanas:

1. Sármhaitheas oibríochta agus seirbhíse do chustaiméirí
2. Sármhaitheas seirbhísí faisnéise,
3. Tacú le creat dlíthiúil láidir IP agus,
4. Sármhaitheas foirne agus san ionad oibre

Déanann an tráchttaireacht seo, mar aon leis na staitisticí gnó a ghabhann leis, athbhreithniú ar iarrachtaí na hOifige chun na ceithre chuspóir seo a bhaint amach i rith 2024.

1.1 Cuspóir 1 - Sármhaitheas Oibríochta agus Seirbhíse do Chustaiméirí

Tá an Oifig tiomanta d'athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar a nósanna imeachta riaracháin agus seirbhís ardchaighdeáin fhreagrúil a sholáthar l gcomhréir le spriocanna feidhmíochta. Leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta na hOifige um Sheirbhís do Chustaiméirí 2023-2025 na príomhspríocanna seirbhíse agus sainmhínítear na tréimhsí ama is fearr chun tascanna éagsúla inmheánacha agus seachtracha a bhaineann le custaiméirí a chur i gcrích. Tá na spriocanna seo mionsonraithe sa chuid “Spriocanna Feidhmíochta” den tuarascáil seo. I rith na bliana, baineadh amach formhór na spriocanna seirbhíse do chustaiméirí go rathúil, le meánráta gnóthachtála de 85%.

Cuireann an Oifig sraith seirbhísí digiteacha atá furasta le húsáid ar fáil, lena n-áirítear ríomhchomhdú le haghaidh paitinní, deimhnithe cosanta forlíontacha (SPCanna), trádmarcanna agus dearaí, chomh maith le cuardaigh trádmarcanna agus dearaí ar líne agus ríomhíocaíochtaí. Sa bhliain 2024, cuireadh beagnach gach iarratas ar chearta IP isteach ar líne (99% do paitinní agus SPCanna, 99% do thrádmarcanna, agus 87% dhearaí). Ina theannta sin, íocadh beagnach gach táille reachtúil go leictreonach, trí íocaíochtaí ar líne nó ríomhaistriú airgid (EFT). Tá an IPOI ag smaoineamh faoi láthair ar uathobriú breise a chur i bhfeidhm ar a shaoráid ríomhíocaíochtaí chun go mbeidh sé indéanta gach táille IPOI a íoc ar líne. Cé nach bhfuil an IPOI tar éis aistriú go córas gan pháipéar go hiomlán fós, tá iarrachtaí ar siúl chun gach próiseas bunaithe ar pháipéar a chur in ionad le roghanna digiteacha. Le linn 2024, lean foireann na hOifige, i gcomhar leis an Aonad TFC, de bheith ag tiomáint an chlaochlaithe dhigitigh trí réitigh a thabhairt isteach chun sreabhadh oibre a shruthlíniú agus a dhigitiú. I measc na bpríomhfhorbairtí bhí:

- Uathobriú an phróisis chlárúcháin Trádmarcanna Idirnáisiúnta.
- Tús curtha le hobair ar dhigitiú phróisis fhreasúra na dTrádmarcanna.
- Feabhsuithe suntasacha déanta ar uathobriú agus digitiú i dtáirgeadh Iris IPOI.

1.2 Cuspóir 2 - Sármhaitheas i Seirbhísí Faisnéise

Is príomhchuspóir de chuid IPOI é faisnéis chuimsitheach a sholáthar ar gach gné de chearta maoine intleachtúla, ag cabhrú le SMEnna, micreafhiontair agus fiontraithe luach a gcuid smaointe a uasmhéadú, a ngnólachtaí a neartú agus tuiscint níos doimhne a fháil ar an gcóras IP. In 2024, lean an IPOI ar aghaidh ag cur le comhoibriú le páirtithe leasmhara éagsúla, gníomhaireachtaí rialtais, agus oifigí eile chun malartú faisnéise a éascú agus feasacht ar IPRanna a mhéadú. D'oibrigh an tAonad Faisnéise IPOI freisin chun infheictheacht na hOifige a mhéadú trí úsáid níos éifeachtaí a bhaint as na meáin shóisialta, feachtais faisnéise spriocdhírthe a sheoladh, agus ábhar mealltach agus ábhartha a chruthú. In 2024, láimhseáladh an rannóg faisnéise breis is 3,920 ríomhphost agus 3,741 fiosrúchán teileafóin. D'fhoilsigh an Oifig sraith nua cártaí faisnéise dhaite ar gach cearta IP, agus é mar aidhm acu maoin intleachtúil a shoiléiriú agus a dhéanamh níos inrochtana don saol laethúil. Seoladh dhá fhíseán míniúcháin nua ar bhunghnéithe IP agus IP do FBMan na 2024 freisin. Is féidir na físeáin seo a fheiceáil ar shuíomh gréasáin an IPOI agus úsáidtear iad freisin mar uirlis faisnéise le haghaidh cur i láthair fíorúil agus pearsanta.

Bhí taispeántas ag an Oifig ag Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT i mí Eanáir ag babhtaí ceannais Ghradam Fiontraíochta na Mac Léinn (SEA) i mí na Bealtaine. Rinne an IPOI urraíocht ar dhuaisianna ag an dá imeacht. Ghlac an fhoireann páirt freisin i roinnt seimineár agus cúrsaí oiliúna dírithe ar IP a reáchtáil Lónra na nOifigí Fiontar Áitiúil (OFÁ) a dhírigh ar FBMnna. Ghlac an Oifig páirt in imeacht de chuid Choimisiún an AE maidir le luachshocrú eolais i mí Aibreáin chomh maith leis an gCruinniú Mullaigh T&F IP i mBaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair. Le linn 2024, chuir an Oifig cur i láthair IP ar fáil do 45 scoil ar fud na tíre mar chuid den chlár IP san Oideachas, a reáchtáladh i gcomhar leis an gClár Fiontraíochta Mac Léinn. Chuir an Oifig roinnt clinici IP ar fáil freisin a thug deis do bhaill den phobal, d'aireagóirí, d'fhiontraithe, a n-iarratas maoine intleachtúla a phlé go pearsanta le foireann na hOifige. Tá tuilleadh eolais faoi imeachtaí for-rochtana na hOifige mionsonraithe níos faide sa tuarascáil seo.

Comhoibríonn an Oifig le hOifig na bPaitinní Eorpacha (EPO) agus le hOifig Maoine Intleachtúla an AE (EUIPO) trí chlár chomhair déthaobhacha. Soláthraíonn na tionscnaimh seo tacaíocht do rannpháirtíocht in imeachtaí feasachta IP, sainoiliúint, tionscadail TFC le haghaidh malartú sonraí IP, agus comhchuibhiú cleachtas agus nósanna imeachta. I rith na bliana, ghíaráil foireann na hOifige an tacaíocht airgeadais agus theicniúil a thairg an EPO agus EUIPO, ag baint leasa as maoiniú, meantóireacht agus rochtain ar shaineolas agus acmhainní.

1.3 Cuspóir 3 - Tacú le Creat Dlíthiúil Láidir IP

Is cuid ríthábhachtach den chreat reachtach é rialáil CMIanna a chuireann nuálaíocht chun cinn agus a spreagann í. Tugann an reachtaíocht faoina bhfeidhmíonn an Oifig an ceart d'iarratasóirí agus do dhílseánaigh éisteacht a fháil i gcúinsí áirithe agus sula bhfeidhmítear chun dochair aon chumhachtaí lánroghnacha a leagtar amach sna hAchtanna agus sna Rialacha. Le linn 2024, thionóil an Oifig 2 éisteacht ex partes agus 7 n-éisteacht idirpháirtí maidir le trádmharcanna.

Is ceart paitinne Eorpach aonair nua í an Phaitinn Aonadach (UP) a bhfuil éifeacht dhlíthiúil aonadach aige do Bhallstáit uile an AE a dhaingnigh an Comhaontú maidir le Cúirt Aontaithe Paitinní (UPCA). Ceadáíonn an UP do shealbhóirí paitinne iarratas a dhéanamh go díreach chuig EPO ar phaitinn a bheidh baili i ngach Ballstát AE a dhaingnigh an Comhaontú nuair a chláraítear éifeacht aonadach. Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí 18 mBallstát rannpháirteacha den AE san áireamh sa chóras UP tar éis aontachas na Rómáine leis an UPC.

Tá córas na bPaitinní Aonadach ag fás i gcónaí ó seoladh é i mí an Mheithimh 2023. Sa bhliain 2024, fuair an EPO 28,123 iarratas ar éifeacht aonadach. Is ionann iarratasóirí Eorpacha agus 62.8% de na hiarratais, agus na Stáit Aontaithe (15.3%) agus Oirthear na hÁise (13.5%) ina dhiaidh sin. Déantar glacadh UPanna de réir cineáil dílseánaigh a mhiondealú mar seo a leanas.

Glacadh le UPanna de réir cineál úinéara

62%
Cuideachtaí Móra

32%
FBManna

6%
Ollscoileanna

Sa bhliain 2024, bhí Éire sa 10ú háit san Eoraip ar an iomlán i dtaca le glacadh le paitinní aonadacha, le glacadh de 33%, arb ionann é agus méadú ar a seasamh in 2023.

Éilíonn Éire go rithfear reifreann bunreachtúil go rathúil chun an UPCA a dhaingniú. Má théann Éire isteach i gcóras na bPaitinní Aonadach, féadfar Paitinní Eorpacha a dheonaítear do shealbhóirí paitinne Éireannacha a eisiúint le héifeacht aonadach (Paitinn Aonadach) i suas le 19 dtír Eorpacha, Éire san áireamh, agus féadfar iad a fhorfheidhmiú ansin os comhair cúirte idirnáisiúnta nua amháin, Cúirt Aontaithe na bPaitinní. Déanann foireann

IPOI ionadaíocht ar Éirinn i bhfóraim idirnáisiúnta éagsúla, ag cinntiú go gcuirtear seasamh na hOifige maidir le cúrsaí maoine intleachtúla in iúl go héifeachtach, agus go n-aithnítear agus go gcoimeádtar é. Déanann an Bhainistíocht Shinsearach ionadaíocht ar Éirinn ar Chomhairle Riaracháin an EPO agus a choistí gaolmhara, ar Bhord Bainistíochta agus ar Choiste Buiséid EUIPO, agus ar Thionól Ginearálta WIPO. Ina theannta sin, glacann foireann na hOifige ar saineolaithe ina réimsí iad, páirt in iliomad coistí teicniúla agus idirchaidrimh de chuid EPO agus EUIPO, chomh maith le Grúpaí Oibre Tionscadail a spreagann tionscnamh comhtháthaithe agus comhchuibhiú Eorpacha.

Cothaíonn rannpháirtíocht ar an leibhéal idirnáisiúnta idirphlé maidir le dearadh agus cur i bhfeidhm clár comhair agus comhtháthaithe idir na heagraíochtaí seo agus oifigí IP náisiúnta agus réigiúnacha eile san Eoraip. Dá réir sin, cuireann sé ar chumas na hOifige a creatáí dlíthiúla agus rialála, nósanna imeachta oibríochtúla agus seirbhísí do chustaiméirí a bheachtú agus a fheabhsú i gcomhréir le dea-chleachtais dhomhanda.

1.4 Cuspóir 4 - Sármhaitheas na Foirne agus san Ionad Oibre

Tá an Oifig tiomanta do chultúr barr feabhais agus féinfhorbartha leanúnaí a chothú i measc na foirne chun seirbhís den scoth do chustaiméirí a chur ar fáil. Mar a leagtar amach sa Ráiteas Straitéise 2023 -2025, tá oiliúint agus forbairt foirne tugtha mar thosaíocht ag an Oifig, agus ag cinntiú go bhfuil na scileanna agus na cumais riachtanacha ag fostaithe. Chun cabhrú leis seo a bhaint amach, déantar feidhmíocht na foirne a mheas go rialta. Tugann an Córas Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta (PMDS) deis don fhoireann spriocanna aonair a shocrú, athrú a thiomáint agus leanúint de chleachtais oibre a fheabhsú chun seirbhís ardchaighdeán éifeachtach a sholáthar. De réir PMDS, dréachtaíodh Plean Forbartha Oiliúna a bhreithnigh na riachtanais oiliúna éagsúla a aithníodh ag an bhfoireann ina bpleananna forbartha pearsanta do 2024. Comhlánaíonn gach aonad den Oifig Cairt Foirne freisin, ina leagtar amach cuspóirí na foirne, ina sainmhínítear dea-chleachtas agus atá ina uirlis úsáideach sa timpeallacht oibre chumaiscthe. Le linn 2024, bhí deis ag baill foirne páirt a ghlacadh i seisiúin eolais agus oiliúna éagsúla go fíorúil agus go pearsanta, ag clúdach réimse leathan ábhar a bhaineann lena gcuid oibre, amhail oiliúint athnuachana ar Chosaint Sonraí agus oiliúint ar an gCartlann Náisiúnta, chomh maith le folláine mheabhrach agus choirp.

2.0

Treochtaí agus Táscairí Maoine Intleachtúla

Rangaíonn Innéacs Nuálaíochta Domhanda WIPO (GII) geilleagair dhomhanda de réir a gcumas nuálaíochta.

Rangaíonn Innéacs Nuálaíochta Domhanda WIPO (GII) 133 geilleagar domhanda, chomh maith leis na 100 braisle eolaíochta agus teicneolaíochta is fearr ar domhan, de réir a gcumas nuálaíochta. Cuimsíonn siad seo thart ar 80 táscaire, grúpáilte in ionchuir agus aschuir nuálaíochta. Tá Éire sa 19ú háit i measc na 133 geilleagar atá le feiceáil sa GII 1 2024. Tá an Eoraip ina hóstach ar na ceannairí nuálaíochta is airde i measc na 25 is fearr; 15 san iomlán, le seachtar i measc na 10 is fearr. In 2024, bhog naoi ngeilleagar Eorpacha suas sa rangú, le hÉire ag bogadh suas trí áit. Go páirteach faoi thionchar láithreach láidir ilnáisiúnta eachtrannach san earnáil TFC, tá Éire an-ard ar domhan i dtaca le honnmhairí seirbhísí TFC (1ú háit), íocaíochtaí maoine intleachtúla (1ú háit) agus tá sí ar na 3 cinn is fearr maidir le déine a sócmhainní doláimhsithe (2ú háit)¹. Taifeadadh san innéacs freisin gur éirigh níos fearr le hÉirinn maidir le “aschuir nuálaíochta” (rangaithe sa 15ú háit, suas ón 18ú in 2023), ná “ionchuir nuálaíochta” (rangaithe sa 25ú háit, suas ón 26ú in 2023). Tá Éire rangaithe ag an IMF mar chuid den ghrúpa geilleagair ardleibhéil agus ag an mBanc Domhanda mar thír ardioncaim.

In 2024, chuimsigh na mór-réimsí fáis nuálaíochta ar fud an domhain teicneolaíocht ríomhaireachta, le béim ar leith ar IS agus ar mheaisínfhoghlaim, mar aon le dul chun cinn suntasach san earnáil fuinnimh ghlan agus i dteicneolaíochtaí ceallraí agus fócas méadaitheach ar shoghluaisteacht leictreach agus uathrialach.

Lean teannais gheopholaitiúla dhomhanda leanúnacha i rith na bliana ag cruthú neamhchinnteachtaí margaidh, go háirithe maidir le slabhraí trádála agus soláthair. D’ainneoin sin, lean geilleagar na hÉireann le fás geilleagrach láidir agus leibhéil arda fostaíochta.

Léiríonn na figiúirí is déanaí ón bPríomh-Oifig Staidrimh² gur leathnaigh an geilleagar intíre go láidir faoi 2.7% in 2024. Tháinig méadú de 1.2% ar an Olltáirgeacht Intíre (OTI), lena n-áirítear gníomhaíocht ilnáisiúnta le linn na bliana. Tháinig laghdú seasta ar bhoilsciú, arna thomhas ag an Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí (IPT), ó bhuaicphointe 4.1% i mí Eanáir go 1.4% i mí na Nollag. Tháinig méadú de 2.3% ar chaiteachas tomhaltóirí ar earraí agus ar sheirbhísí, príomhthomhas de ghníomhaíocht eacnamaíoch intíre, agus tháinig méadú de 2.9% ar phá. D’fhan an fhostaíocht láidir, agus shroich líon na ndaoine a bhí i mbun oibre beagnach 2.8 milliún.

1. [Global Innovation Index 2024: What is the future of innovation-driven growth? \(wipo.int\)](#)

2. [www.cso.ie](#)

2.1 Paitinní

2.1.1 Iarratais Náisiúnta ar Phaitinní

Léirigh líon foriomlán na n-iarratas ar phaitinn a comhdaíodh go náisiúnta in 2024 méadú os cionn 31% i gcomparáid le 2023 (ó 589 go 774) atá mar gheall ar líon ard leanúnach iarratas a fuarthas ón tSín arís i mbliana. Laistigh den fhigiúr foriomlán sin, tháinig méadú suntasach ar chomhdú paitinní náisiúnta gearrthéarmacha a fuarthas le linn 2024 i gcomparáid leis an iomlán in 2023 (ó 461 go 642) agus mhéadaigh líon na n-iarratas ar phaitinní fadtéarmacha ó 128 go 132.

2.1.2 Deimhnithe Forlíontacha Cosanta (SPCanna)

Leathnaíonn Deimhnithe Forlíontacha Cosanta (SPCanna) cosaint paitinne chuig táirgí míochaine agus táirgí cosanta plandaí suas le 5 bliana, chun moilleanna maidir le ceadú rialála a fháil sna luathbhlianta agus an táirge á thabhairt ó stádas paitinnithe chuig indíoltacht. Cuireann monaróirí cearta an SPC san áireamh chun síneadh ar a n-eisiachas margaidh a chinntiú d'fhonn costais infheistíochtaí i dtaighde agus i bhforbairt a aisghabháil. B'ionann iomlán na n-iarratas ar SPCanna agus 53 in 2024, arb ionann é agus méadú 18% ar an iomlán de 45 iarratas in 2023.

2.1.3 Paitinní na hEorpa lena n-ainmnítear Éire

Tháinig laghdú beag 0.1% go 199,264 ar líon na n-iarratas ar phaitinní a fuarthas ag an EPO in 2024, agus as sin, bhí 194,693 dírithe ar Éirinn. Cuirtear iarratais ar phaitinní Eorpacha lena n-ainmnítear Éire ar Chlár Paitinní na hÉireann tar éis foilsiú an deontais ag an EPO agus tá an stádas dlíthiúil céanna acu agus dá mbeidís bronnta ag an Oifig.

Tháinig méadú 4% ar líon iomlán na n-iarratas ar phaitinní Eorpacha a chomhdaigh cuideachtaí cónaitheacha in Éirinn in 2024 i gcomparáid le 2023. Le 1,118 iarratas a cuireadh isteach i 2024, tá Éire anois rangaithe sa 11ú háit i dtéarmaí iarratais ar phaitinní Eorpacha in aghaidh an mhilliúin áitritheoirí. million of inhabitants.



53
iarratais SPCanna faighte
in 2024.



Tábla 1

Forbairtí ar líon na n-iarratas ar Phaitinní Eorpach ó Éirinn ó 2019 i leith

Bliain	Iarratais PE ó chuideachtaí cónaitheacha in Éirinn
2019	882
2020	980
2021	1015
2022	1180
2023	1071
2024	1118

Foinse: Sonraí Innéacs Paitinní EPO 2024 d'Éirinn. Historical filing figures shown in previous years may vary from year to year because of the updating of database by the relevant patent authorities.


Fíor 1

Na 10 N-larratasóir ar Phaitinní is fearr in Éirinn 2024



Fíor 2

Líon na N-larratas ar Phaitinní in aghaidh an réimse teicneolaíochta in 2024



Tábla 2

Comhdú Paitinne cónaitheach Éireannach ag Oifigí Paitinne Idirnáisiúnta roghnaithe

	2020	2021	2022	2023	2024
PCT ¹	762	908	783	756	729
EPO ²	980	1015	1180	1057	1118
SAM ³	1271	1226	1390	n/a	n/a
RA ⁴	366	296	226	n/a	n/a

Foinse: Bunachar Sonraí Staidrimh WIPO, Bunachar Sonraí Staidrimh EPO, Fíricí & Figiúirí UKIPO & USPTO FY 2022 agus 2023 Tuarascálacha Feidhmíochta agus Cuntasachta (PAR)

1. Iarratais PCT (Céim Idirnáisiúnta) comhdaithe ag cónaitheoirí Éireannacha de réir dáta comhdaithe.

2. Anailís bunaithe ar iarratais ar phaitinní Eorpacha a comhdaíodh leis an EPO

3. Tagraíonn comhduithe do chomhduithe Paitinní Fónais ar a dtugtar paitinní d'aireagáin freisin

4. Fíricí agus Figiúirí UKIPO

Tá staitisticí comhdaithe bunaithe ar áit chónaithe an iarratasóra chéadainmnithe. Féadfaidh na figiúirí comhdaithe stairiúla a léiriú sna blianta roimhe seo a bheith éagsúil ó bhliain go chéile mar gheall ar an nuashonrú ag na húdaráis paitinne ábhartha.

2.2 Trádmharcanna agus Dearaí

Tháinig méadú 5.3% ar líon iomlán na n-iarratas ar thrádmharcanna Náisiúnta ó 2,218 in 2023 go 2,336 in 2024. Bhí líon na n-iarratas ar Dhearadh Tionsclaíoch a fuarthas dothuartha i gcónaí agus tá luaineacht tagtha air le blianta beaga anuas. In 2024, fuarthas 109 iarratas dearaidh ar leith san iomlán, laghdú 13% ar fhigiúr 2023.

2.2.1 Trádmharcanna an Aontais Eorpaigh (EUTManna) agus Dearaí Pobail Cláraithe (RCDanna)

Is rogha le roinnt iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar Thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh (EUTM) seachas clárú sonrach Éireannach a fháil toisc gur mian leo cosaint trádmhairc a fháil san AE, agus clúdaíonn clárú EUTM gach ceann de 27 tír an AE. Tháinig méadú 13% ar líon na gcomhdúchán ar iarratas EUTM a rinne iarratasóirí atá ina gcónaí in Éirinn ó 1,351 iarratas in 2023 go 1,527 iarratas in 2024. Tháinig laghdú ar iarratais ar Dhearadh Pobail a chomhdaigh iarratasóirí atá ina gcónaí in Éirinn ó 304 go 301 in 2024.

Tábla 3

Iarratais EUTM agus RCD ó iarratasóirí atá lonnaithe in Éirinn			
	2022	2023	2024
Iarratais EUTM	1273	1351	1527
Clárúcháin EUTM	1216	1166	1278
Iarratais RCD	313	304	301
Foilsíodh clárúcháin RCD	250	326	304

Source: [Statistics EUIPO](#)

2.2.2 Trádmharcanna Idirnáisiúnta

Córas idirnáisiúnta cláraithe trádmhairc is ea Prótacal Mhaidrid a thugann an deis d'úinéir trádmhairc cosaint trádmhairc a fháil i roinnt tíortha trí iarratas amháin a chomhdú. Cuireann córas Mhaidrid, atá á riaradh ag WIPO, réiteach cliste gnó ar fáil d'aon chuideachta atá ag iarraidh a trádmharcanna a chosaint agus a bhainistiú i margaí idirnáisiúnta (lasmuigh den AE de ghnáth). Féadann an méid a úsáideann cuideachtaí atá lonnaithe in Éirinn táscaire úsáideach a thabhairt go bhfuil ar intinn acu briseadh isteach i margaí eachtracha agus margaí nua a chruthú do réimsí táirge atá ann cheana agus do réimsí táirge nua. Faoi láthair tá 114 ball ag córas Mhaidrid a chlúdaíonn 130 tír. Is ionann na baill seo agus níos mó ná 80% de thrádáil an domhain.

2.3 Iarratais Mhaidrid

Tábla 4

Iarratais & Clárúcháin Idirnáisiúnta trí Chóras Mhaidrid do shealbhóirí TM atá lonnaithe in Éirinn			
	2022	2023	2024
Iarratais Mhaidrid (faoi dáta comhdaithe)	288	251	291
Líon na gClárúcháin Idirnáisiúnta	274	263	280
Ainmniúcháin i gclárúcháin	2278	2213	2248
Ainmniúcháin ina dhiaidh sin	445	287	188

Foinse: Staitistí IP WIPO ([Staitistí Córtais Mhaidrid \(wipo.int\)](https://www.wipo.int))

Thaifead WIPO 280 clárú idirnáisiúnta do shealbhóirí trádhmarcanna a raibh sainchónaí orthu in Éirinn in 2024, méadú 6% ar 2023. Cuimsíonn na clárúcháin seo 2,248 ainmniúchán comhaltaí Mhaidrid eile inar fhéach na sealbhóirí le cosaint a leathnú dá dtrádhmarcanna. Ainmníodh 188 comhalta Mhaidrid breise san iomlán ina dhiaidh sin i gclárúcháin idirnáisiúnta atá ann cheana féin ó Éirinn, chun a raon cosanta bunaidh geografach a leathnú chuig ballstáit nó dlínsí Mhaidrid breise.

2.4 An Iris Oifigiúil

Foilsítear an iris gach coicís ar shuíomh gréasáin an IPOI i bhformáid PDF agus i leaganacha inchuadaithe. Is i ngach eagrán den iris a bhíonn innéacs inchuadaithe agus faisnéis faoi ghníomhartha a bhaineann le paitinní, trádhmarcanna agus dearthaí. Mar shampla, bítear in ann sonraí a fháil i ngach iris faoi thrádhmarcanna agus faoi dhearthaí ar glacadh leo. Is san iris freisin a bhíonn sonraí faoi phaitinní a ndearnadh iarratas orthu, a foilsíodh agus a deonaíodh, lena n-áirítear paitinní a deonaíodh faoi Choinbhinsiún na bPaitinní Eorpacha agus lena n-ainmnítear Éire iontu. Cuimsítear san iris chomh maith faisnéis faoi nithe amhail fógraí oifigiúla, sonraí faoi mhodhanna íocaíochta táillí reachtúla agus uaireanta oscailte Oifig na bPaitinní. Tá saoráid idirghníomhach leis an iris a ligeann d’úsáideoirí d’aon phaitinn, d’aon trádhmarc nó d’aon dearadh ar leith sa Chlár a rochtain trí chliceáil ar hipearnasc laistigh den iris.

3.0

Comhoibriú Idirnáisiúnta

Glacann an Oifig páirt i ngníomhaíochtaí comhoibrithe lena comhghleacaithe idirnáisiúnta, an EUIPO agus an EPO, ar roinnt tionscadal, chun comhchuibhiú a chur chun cinn ar fud na n-oifigí IP náisiúnta, agus chun rudaí a dhéanamh níos éasca d'úsáideoirí na gcóras paitinne, trádhmhairc agus dearaidh.

3.1 Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)



Lean an Oifig ar aghaidh ag cur go gníomhach le go leor tionscnamh agus tionscadal atá á mbainistiú ag an EUIPO. Tionóladh an babhta deiridh de Ghrúpaí Oibre a d'fheidhmigh faoin bPlean Straitéiseach 2025 i mí Dheireadh Fómhair. D'éirigh le foireann IPOI rannpháirtíocht sna grúpaí seo a chur i gcrích a thug fíorbhuntaistí substaintiúla d'Oifigí Maoine Intleachtúla ar fud an AE agus do chustaiméirí agus d'úsáideoirí a gcuid seirbhísí. Éascaíonn Clár Cóineasaithe EUIPO, a seoladh in 2011, comhtháthú cleachtas idir EUIPO agus Oifigí Náisiúnta. I gcomhar le Cumainn Úsáideoirí Eorpacha, is é an príomhchuspóir teacht ar chomhthuiscint i réimsí ina bhfuil cleachtais éagsúla ag oifigí IP. Comhlánaíonn sé seo an obair atá ar bun chun uirlisí TF coiteanna a chruthú faoin gCiste um Chomhar. Lean foireann na hOifige orthu ag cur leis na héachtaí a baineadh amach sna blianta roimhe sin trína rannpháirtíocht ghníomhach i nGrúpaí Oibre éagsúla a bunaíodh chun tacú le haidhmeanna an chomhair agus le cóineasú an chleachtais.

Mar thaca le ceann dár bpríomhspríocanna, chun cearta IP ardchaighdeán a sholáthar, dhaingnigh an Oifig an dul chun cinn a baineadh amach trí dheimhniú cáilíochta ISO9001 a bhronnadh in 2023. Rinneadh iniúchadh seachtrach rathúil ar ár bpróisis agus ár nósanna imeachta in 2024 mar chuid den athbhreithniú leanúnach ar an gcóras seo. Fuair an tionscadal seo cúnamh airgeadais agus saíneolach ón EUIPO.

Lean Ciste FBManna, a sheol EUIPO in 2021, ag fás agus ag leathnú go rathúil. Cruthaíodh an scéim seo chun cabhrú le fiontair bheaga agus mheánmhéide Eorpacha (FBManna) a IP a fhorbairt agus a gcearta IP a chosaint, ar leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an AE. Tá an ciste á oibriú ag an EUIPO i gcomhar leis na hOifigí IP náisiúnta, lena n-áirítear Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann. Faoi théarmaí na scéime, d'fhéadfadh FBManna Éireannacha a bheith incháilithe chun 75% de tháillí bunúsacha iarratais agus clárúcháin a fháil i gcás trádhmharcanna agus dearaí náisiúnta agus AE.

Ina theannta sin, d'fhéadfadh FB Manna iarratas a dhéanamh ar aisíocaíocht 90% de chostas iniúchta IP arna dhéanamh ag saineolaithe aitheanta.

Féadfaidh an Ciste FB Manna, faoi réir infhaighteacht an mhaoinithe bhuiséadaithe, na táillí cuardaigh atá mar chuid den nós imeachta iarratais ar phaitinn náisiúnta a aisíoc freisin.

Is iad seo a leanas na príomhbhuntaistí d'úsáideoirí a eascraíonn as na Cláir Chóineasaithe éagsúla:

- Soiléireacht agus trédhearcacht: Coinníonn tionscnaimh chumarsáide chomhroinnte le páirtithe leasmhara ar an eolas faoi dhul chun cinn go tráthúil, le faisnéis aontaithe.
- Cáilíocht agus inúsáidteacht: rochtain éifeachtach agus éifeachtúil ar chosaint a thairgeann córais chlárúcháin ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE araon.
- Deimhneacht dhlíthiúil: deimhneacht dhlíthiúil mhéadaithe mar gheall ar chomhsheasmhacht níos mó i gcinntí a dhéantar ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE.
- Coigilteas ama agus costais: laghduithe féideartha ar amanna próiseála iarratais agus coigilteas costais d'oifigí IP agus d'iarratasóirí araon.

Lean an Oifig ar aghaidh ag fáil tacaíochta ón EUIPO chun ár n-ionchur sonraí a choinneáil ar a n-uirlisí suaitheanta TMview agus Design View. Ina theannta sin, faoi chomhaontú déthaobhach le EUIPO, bhain an Oifig leas as cúnamh i leith costas raon imeachtaí feasachta inar scaipeadh faisnéis faoi thrádmharc an AE agus Córais Dearaidh an AE.

Ghlac an Oifig páirt ghníomhach freisin sna hullmhúcháin don Phlean Straitéiseach nua 2030. Bhí ról lárnach ag comhóstáil chruinniú comhair bhliantúil Lónra Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh i gCill Chainnigh i mí na Bealtaine 2024, i gcríochnú rathúil ábhar SP2030, a seoladh i mí na Samhna 2024. Dhírigh an t-imeacht, ar fhreastail ochtó toscaire ó oifigí IP an AE agus EUIPO air, ar Phlean Straitéiseach EUIPO a fhorbairt do 2030 agus réimsí comhair agus fáis amach anseo laistigh den Lónra a shainaithint do na sé bliana amach romhainn. Fuair an Oifig aiseolas an dearfach maidir le heagrúchán an imeachta.

3.2 An Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil (WIPO)



Lean an IPOI ag comhlíonadh a chuid gealltanais i réimse na cosanta maoine intleachtúla a d'eascair as ballraíocht na hÉireann san WIPO agus as na conarthaí iltaobhacha éagsúla a riarann sí agus a bhfuil Éire ina stát conarthach ina leith. In 2024, ghlac oifigigh ón IPOI páirt sa Bhuanchoiste um Dhlí na bPaitinní, i gCoiste Saineolaithe an Aontais IPC, sa Choiste um chaighdeán WIPO, i nGrúpa B+, agus sa Ghrúpa Oibre um Athbhreithniú an IPC. D'fhreastail an Rialaitheoir ar chruinniú an Chomhthionóil Ghinearálta i mí Iúil freisin, áit a dtugann gach ballstát de chuid WIPO le chéile chun plé a dhéanamh ar threo bheartas idirnáisiúnta IP amach anseo.

In 2024, shínigh an Oifig Meabhrán Tuisceana le WIPO chun úsáid roghanna speisialaithe um réiteach díospóidí malartach i réimse maoine intleachtúla agus teicneolaíochta (ADR) in Éirinn a chur chun cinn. Tá an IPOI ag tnúth le bheith ag obair le hIonad Eadrána agus Idirghabhála WIPO chun feasacht a mhúscailt faoi na buntáistí iomadúla a bhaineann le ADR.

3.3 Oifig na bPaitinní Eorpacha (EPO)



Lean foireann IPOI orthu ag glacadh páirte go gníomhach i ngníomhaíochtaí chomhlachtaí agus choistí éagsúla an EPO le linn 2024. Ghlac ionadaithe ón Oifig páirt i gcrúinnithe na Comhairle Riaracháin, an Choiste Buiséid agus Airgeadais, an Choiste um Chomhar agus Tacaíocht Theicniúil agus an Choiste um Dhlí na bPaitinní. Chomhaontaigh an IPOI agus an OPE comhaontú comhoibrithe nua don tréimhse 2024-2026 lena soláthraítear maoiniú agus cúnamh teicniúil i réimsí an eolais agus an fhor-rochtana, cóineasú cleachtas, comhoibriú TF agus tacaíocht acmhainne do na Ballstáit. Feabhsóidh na ceithre thionscadal seo, a leagtar amach thíos, na seirbhísí digiteacha agus faisnéise a sholáthraíonn an Oifig, agus neartóidh siad freisin aistriú faisnéise idir OPE agus an IPOI.

- Eolas agus for-rochtain: Eolas ar mhaoin intleachtúil, luachanna na nuálaíochta, na fiontraíochta agus na teicneolaíochta a chothú do mhic léinn agus don earnáil oideachais.
- Coinbhéirseacht cleachtas: Leanúint ar aghaidh ag obair chun tuilleadh cóineasaithe cleachtas paitinne a bhaint amach ar fud na mballstát a théann chun tairbhe d'úsáideoirí.
- Comhoibriú TF: Cumais bainistíochta sonraí agus slándála faisnéise IPOI a neartú trí úsáid teicneolaíochtaí digiteacha agus intleachta saorga a uasmhéadú.
- Tacaíocht acmhainne do Bhallstáit: Bearta tacaíochta a sholáthar d'Oifigí Náisiúnta Paitinní atá ag dul i ngleic le bearnaí sealadacha acmhainne i gcuardach agus i scrúdú paitinní.

4.0

Imeachtaí 2024

Le linn 2024, d'fhreastail an IPOI ar imeachtaí agus cruinnithe éagsúla, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon, chomh maith le cruinnithe difriúla a óstáil inár n-oifig i gCill Chainnigh. Seo léargas ar chuid de na himeachtaí ar freastalaíodh orthu.

Eanáir

- D'fhreastail IPOI ar Thaispeántas Eolaí Óg & Teicneolaíochta BT i mBaile Átha Cliath.
- D'fhreastail foireann faisnéise IPOI ar Sheó na hIdirbhliana i gCorcaigh.



James Kelly, Rialaitheoir IPOI, ag bronnadh Ghradam IPOI ar Megan Bohan agus Riona O'Farrell, Coláiste Shligigh ag Taispeántas Eolaí Óg & Teicneolaíochta BT.



Fáiltíonn IPOI roimh chomhghleacaithe EUIPO. Sa phictiúr, Cesar Vidal, EUIPO, James Kelly, Rialaitheoir IPOI, Javier Moreno, EUIPO, John Nolan, Caroline Kelly, Conor Noonan, Keelan O'Donnell, agus Avril Hetherington.

Márta

- D'fhreastail IPOI ar chruinniú Chomhairle Riaracháin agus Choiste Roghnaithe an OPE i München.
- D'fhreastail an Oifig ar chruinniú Choiste Saineolaithe IPC an WIPO sa Ghinéiv.
- Seimineár gréasáin arna óstáil ag IPOI d'Oifig Fiontar Áitiúil na hIarmhí le linn a Seachtain Fiontar Áitiúil.

Feabhra

- Freastalaíonn an Oifig ar Choiste EPO um Dhlí na bPaitinní.
- Seimineár Chúirt Aontaithe na bPaitinní EPI.
- Cuairt theicniúil EUIPO ar an Oifig.
- Óstáil an Oifig Cruinniú Comhair le EUIPO.



IPOI ag cur fáilte roimh thoscairí an AE chuig Caisleán Chill Chá ag freastal ar chruinniú comhair bliantúil EUIPN.

Bealtaine

- D'fhreastail an oifig ar Ghrúpa Oibre EPO um Cháilíocht Sonraí.
- D'fhreastail an oifig ar Ghrúpa Oibre WIPO IPC.
- D'fhreastail James Kelly ar imeacht cásdlí IP in Alicante.
- Freastalaíonn IPOI ar an 18ú Cruinniú Bliantúil de Líonra Eorpach na bPaitinní leis na Ballstáit i Vilnias na Liotuáine.
- Reáchtálann IPOI Cruinniú Comhair Bliantúil EUIPN i gCaisleán Chill Chá agus i gCill Chainnigh.
- Freastalaíonn an Oifig ar an 18ú Comhdháil um Ghnóthaí Dlí Leigheasra don Eoraip.
- D'fhreastail IPOI ar chruinniú an Choiste Buiséid & Airgeadais in München.
- Bronnadh duaiseanna feasachta IP ag Duaiseanna Fiontraíochta na Mac Léinn sa Mhuileann gCearr, Co. na hIarmhí.



An tAire Emer Higgins & James Kelly sa phictiúr lena chomhghleacaithe ag imeacht um Luacháil Eolais Choimisiún an AE.



Rialaitheoir an IPOI James Kelly le Stiúrthóir Feifhmiúcháin EUIPO, an tUasal João Negrão.



Sa phictiúr James Kelly, an tAire Emer Higgins, Emma Ó Donnabháin, EPO & Steve Rowan, Leas-Uachtarán DG1 EPO

Aibreán

- Cruinniú Choiste Tacaíochta Teicniúla agus Oibríochtúla EPO.
- Cóineasú Cleachtais OPE maidir le tuairimí tríú páirtí ar fhreastail an Oifig orthu.
- Freastalaíonn IPOI ar chomhdháil Luachshocraithe Eolais Choimisiún an AE i mBaile Átha Cliath.
- Cur i láthair ar Conas do Mhaoin Intleachtúil a Chosaint ag IPOI i Muineachán.

Meitheamh

- D'fhreastail James Kelly ar MBBC in Alicante.
- D'fhreastail toscairí IPOI ar chruinniú Chomhairle Riaracháin EPO in München.
- Cuairt ó Steve Rowan, Leas-Uachtarán EPO an EPO ar Éirinn.

Iúil

- D'fhreastail an Rialaitheoir ar Chomhthionól Ginearálta WIPO sa Ghinéiv.
- D'fhreastail an Rialaitheoir ar an gCoiste um Chosaint IP agus Sonraí.
- D'fhreastail an Oifig ar Ghrúpa B+ Iomlánach.
- Shínigh IPOI Meabhrán Tuisceana le WIPO maidir le ADR.



James Kelly le Darren Tang, Ard-Stiúrthóir WIPO.



Séan Brett, Taispeántas Tulach Mhór, buaiteoir ghradam IPOI ag Clár Fiontraíochta Mac Léinn.

Lúnasa

- D'fhreastail foireann faisnéise IPOI ar Sheó Thulach Mhór.

Meán Fómhair

- D'fhreastail an Rialaitheoir ar Ghradam Dearaidh EUIPO i Ríge.
- D'fhreastail an Oifig ar Ghrúpa Oibre an EPO um Cháilíocht Sonraí.
- D'fhreastail an Oifig ar Choiste Caighdeán WIPO.
- D'fhreastail foireann faisnéise IPOI ar an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta.



An tAire Dara Calleary & Caroline Kelly, IPOI ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta.

Samhain

- D'fhreastail an Rialaitheoir ar Chruinniú EUIPO den Chomhbhord Bainistíochta & Chomhchoiste Buiséid (MBBC).
- D'fhreastail James Kelly ar chruinnithe Bhord na nGníomhairí Paitinne & Trádmharcanna.
- D'fhreastail an Oifig ar chruinniú Choiste Tacaíochta Teicniúla agus Oibríochta (TOSC) EPO in München.
- Ghlac IPOI páirt sa Chomhdháil Idirnáisiúnta ar Tháscairí Geografacha sa tSlóivéin.
- D'óstáil IPOI seisiún faisnéise IP ar line do na hiomaitheoirí deiridh BTYSE 2025.



An Dr Dolores Cassidy IPOI & Inge Buffalo, EPO, sa phictiúr ag Cruinniú Mullaigh T&F Maoine Intleachtúla Bhaile Átha Cliath.



Rinne John Nolan ionadaíocht ar an Oifig ag an gComhdháil Idirnáisiúnta ar Tháscairí Geografacha a tionóladh sa tSlóivéin.



Simon Grey, Sinead Skrba APTMA, Dolores Cassidy, James Kelly IPOI, Hazel Tunney, Shane Smyth APTMA, Claire O'Reilly, John Nolan IPOI.

Deireadh Fómhair

- D'fhreastail an Oifig ar chruinnithe Chomhairle Riaracháin, Coiste Buiséid & Airgeadais & Roghnaithe EPO.
- D'fhreastail an Oifig ar Chruinniú Mullaigh na Straitéise Eolaíochta Beatha maidir le IP & Eisiachas in München.
- D'fhreastail an Oifig ar Chruinniú Blag SPC i Londain.
- D'fhreastail an Oifig ar Ghrúpa Oibre IPC WIPO.
- D'fhreastail an Oifig ar Choiste Buan WIPO ar Phaitinní.
- D'fhreastail IPOI ar Chomhdháil Chumann Múinteoirí Staidéar Gnó na hÉireann (BSTAI).
- D'fhreastail IPOI agus thug siad cur i láthair ag an gComhdháil bhliantúil Fiontraíochta na Mac Léinn in Iarthar Chorcaí.

Nollaig

- Cruinniú le Cumann na nGníomhairí Paitinne agus Trádmharcanna i gCill Chainnigh.
- Cruinniú Chomhairle Riaracháin EPO in München.
- D'fhreastail IPOI ar chruinniú Phointí Teagmhála EUIPN ag EUIPO in Alicante.
- Thug foireann IP san Oideachas cuairt ar chúig scoil i gCill Mhantáin, Baile Átha Cliath, Tiobraid Árann, Port Láirge agus Luimneach.

5.0

Suíomh Gréasáin agus na Meáin Shóisialta

Cuireann suíomh gréasáin IPOI rochtain ar fáil ar raon seirbhísí cuardaigh idirghníomhacha ar líne agus seirbhísí íocaíochta táillí. I measc na seirbhísí ar líne tá ríomhíocaíochtaí, ríomhchomhdú paitinne, SPC, iarratais ar thrádmharcanna agus dearthaí, breathnú agus cuardach ar phaitinn, trádmharcanna agus cláir dearaidh agus bunachair sonraí, cláir na gcomhlachtaí ceadúnaithe cóipchirt agus gníomhairí paitinne agus trádmharcanna. I measc na n-ábhar a foilsíodh ar an suíomh gréasáin, bhí tuarascálacha bliantúla na bliana roimhe sin, an tsraith iomlán de leabhráin faisnéise IP, Ráiteas Straitéise reatha na hOifige agus Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí chomh maith le gach reachtaíocht phríomhúil agus thánaisteach a rialaíonn feidhmeanna na hOifige. Tugadh 276,546 cuairt ar an láithreán gréasáin in 2024. Mar a tharla sna blianta roimhe seo tá na leathanaigh cuardaigh cláir idirghníomhacha ar líne fós ar cheann de na leathanaigh láithreáin gréasáin is coitianta.

Tar éis di a láithreacha leathnú ar a bealaí digiteacha go léir, dhírigh an Oifig in 2024 ar líon na leantóirí a mhéadú trí ábhar tráthúil, inghlactha a sholáthar, aird a tharraingt ar láithreacha ag imeachtaí agus feachtais faisnéise spriocdhírthe a reáchtáil atá dírithe ar FBManna agus ar mhic léinn. Mhéadaigh líon na leantóirí ar LinkedIn 73% i rith na bliana. Ba é téama Lá Domhanda na Maoine Intleachtúla 2024 ná “IP agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe - Ár dTodhchaí Coiteann a Thógáil le Nuálaíocht agus Cruithaitheacht”. Chun an t-imeacht seo a chomóradh, chuir an Oifig seachtain de phoist ar líne ar fáil maidir le conas a chuidíonn IP le todhchaí níos fearr a thógáil dár bpláinéad, dár muintir, agus don gheilleagar. Bhí dhá FBM Éireannacha atá ag obair san inbhuanaitheacht le feiceáil mar aon le buaiteoirí Ghradam an Ghrúpa is Fearr 2024 ag Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT.

Infheictheacht a Mhéadú in 2024

**73%**méadú ar líon na leantóirí
ar LinkedIn

ipoi.gov.ie

276,546

radhairc leathanaigh

Domhain
Intleachtúil Lá
Maoine**2** FBManna curtha ar taispeáint
agus buaiteoirí ghradam an ghrúpa
is fearr ag BTYTE 2024



5.1 Clár um Maoin Intleachtúil san Oideachas

In 2024, lean foireann faisnéise IPOI ar aghaidh ag leathnú an chlár IP san Oideachas do mhic léinn meánscoile. I gcomhar leis an gClár Fiontraíochta Mac Léinn, d'fhreastail an fhoireann ar raon leathan scoileanna ar fud na tíre agus thug siad an cur i láthair do bhreis is 3,000 mac léinn, méadú 50% ar 2023. Tá na seisiúin faisnéiseacha agus tráthúla ar mhaoin intleachtúil dírithe go sonrach ar scoláirí Idirbhliana a ghlacann páirt go hiondúil in imeachtaí ar nós Eolaí Óg BT agus Gradaim Fiontraíochta na Mac Léinn, áit ar cheart machnamh a dhéanamh ar mhaoin intleachtúil ina gcuid iontrálacha. Tá formáid an chur i láthair “Cad is Maoin Intleachtúil ann?” an-idirghníomhach sa mhéid go raibh roinnt cainteoirí ag déanamh cuir i láthair ar na cearta IP éagsúla. Spreagtar mic léinn chun páirt a ghlacadh sa chur i láthair trí chodanna ceiste agus freagra a chomhtháthú ar fud agus roinnt samplaí laethúla a léiríonn an chaoi a mbíonn tionchar ag IP ar na roghanna a dhéanaimid go laethúil. Úsáidtear táirgí agus lógónna le linn an chur i láthair chun cabhrú le mic léinn dea-thuiscint a fháil ar na cearta IP éagsúla, amhail paitinní, trádmharcanna, cóipcheart, dearáí agus rúin trádála. Tugann an cur i láthair léargas freisin ar réimse na hintleachta saorga atá ag forbairt go tapa, earraí bréige, mar aon lenár bhfíseán míniúcháin beoite IP san Oideachas. Thug an fhoireann eolais an dara foireann cainteoirí isteach in 2024 freisin, rud a chuir ar chumas na hOifige Líon na scoileanna ar fhreastail siad orthu a mhéadú.

6.0

Ráiteas Dualgais na hEarnála Poiblí

Tá Ráiteas Dualgais um Chomhionannas agus Cearta an Duine san Earnáil Phoiblí leagtha amach in Alt 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 agus cuireann sé oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta daonna na ndaoine a gcuireann siad seirbhísí agus foirne ar fáil dóibh a chosaint agus iad i mbun a gcuid oibre laethúla.

Ceanglaítear le hAcht 2014 ar chomhlacht poiblí, ag féachaint dá fheidhmeanna, a chuspóir, a mhéid agus a acmhainní atá ar fáil dó, tuairisciú a dhéanamh, i measc nithe eile, ar fhorbairtí agus ar éachtaí i gcomhlíonadh na hoibleagáide reachtúla seo ina thuarascáil bhliantúil.

Geallann an IPOI a chinntiú go bhfuil cultúr measa ar chearta an duine agus ar chomhionannas i measc na foirne agus na ndaoine a gcuirimid seirbhísí ar fáil dóibh. Cinntíonn an IPOI nach bhfulaíngíonn aon bhall den phobal ná aon pháirtí leasmhar eile idirdhealú in idirghníomhaíochtaí leis an Oifig faoi aon cheann de na forais chosanta ina chuid oibre ó lá go lá agus go háirithe agus é ag plé le páirtithe leasmhara: inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéis, míchumas, aois, cine, reiligiún agus ballraíochta de phobal an Lucht Siúil. Leathnaíonn an IPOI an chóir chéanna cóireála dá fhoireann. I measc na meicníochtaí a úsáideann an IPOI chun a dhualgas san earnáil phoiblí a chomhlíonadh tá:

- Cur i bhfeidhm agus athbhreithniú ar na ceanglais maidir le comhionannas rochtana mar atá leagtha amach san Acht um Míchumas 2005 agus ceapachán Oifigeach Rochtana IPOI.
- An dualgas a chumhdach i bPlean Seirbhíse do Chustaiméirí na hOifige le hionchur ó úsáideoirí seirbhíse agus ó gheallsealbhóirí.
- An beartas um dhínit na Státseirbhíse ag an obair, frithbhulaíocht, ciapadh agus ciapadh gnéasach d'fhostaithe IPOI a chur i bhfeidhm.

Sheol an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a céad Straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú in 2023 chun oibriú i dtreo cultúr dearfach tacaíochta agus cuimsithe a chur chun cinn, ag cinntiú comhionannas deiseanna do bhaill foirne agus comhionannas i rochtain ar

sheirbhísí do chustaiméirí. Tá James Kelly, Rialaitheoir an IPOI, ina bhall de ghrúpa oibre na Roinne a bhfuil sé de chúram air gníomhartha na Straitéise a sheachadadh agus tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn gach bliain. Lean an grúpa oibre lena ghníomhaíochtaí in 2024.

Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003 & 2021)

Tá an IPOI tiomanta dá dualgais go léir faoi na hAchtanna Teanga Oifigiúla (2003 & 2021) a chomhlíonadh. Faoi Alt 4b den Acht, ceanglaítear ar an IPOI tuarascáil bhliantúil a thabhairt ar a dhualgais faoin Acht seo.

Ceapadh Claire O'Reilly, Príomhoifigeach Cúnta, chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus tuairisciú ar dhualgais an IPOI faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla (2003 & 2021).

Rinne an IPOI na gníomhartha seo a leanas le linn na bliana 2024 chun comhlíonadh an Achta a chinntiú:


- Cruthaíodh an méid riachtanach postálacha Meán Sóisialta i nGaeilge.
- Rinneadh athbhreithniú ar na gearáin a fuarthas chun an dóchúlacht go dtarlódh siad arís a laghdú.
- Foilsíodh bileoga eolais nua i mBéarla agus i nGaeilge araon.

Protected Disclosures Act 2014

Éilíonn Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 go gcaithfidh gach comhlacht poiblí, lena n-áirítear daoine forordaithe, tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ar na nochtadh cosanta uile a fhaightear i ngach bliain. Ní bhfuair an IPOI aon nochtadh cosanta in 2024.

7.0

Eagrú agus Soláthar Foirne



Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí na 46 post líonta ag 45.2 coibhéis lánaimseartha. Ina theannta sin, bhí trí ball foirne buana – Oifigeach Feidhmiúcháin amháin agus beirt Oifigeach Cléireachais ag baint leasa as scéim roinnte oibre. Soláthraíonn an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta seirbhísí teicneolaíochta faisnéise don Oifig. Tá ceathrar ball d'Aonad TF na Roinne agus seachtar ball d'Fhoireann an Aonaid um Rialú Faisnéise (IPU) lonnaithe san Oifig.

Tábla 5	
Baill Foirne	
Teideal	Poist
Rialaitheoir Maoine Intleachtúla	1
Scrúdaitheoir Sinsearach Paitinne	1
Príomhoifigeach Cúnta	2
Ardoifigeach Feidhmiúcháin	5
Scrúdaitheoir Paitinne	3
Oifigeach Feidhmiúcháin	19
Oifigeach Cléireachais	14
Oifigeach Seirbhísí	1
Iomlán	46

8.0

Éifeachtúlacht Fuinnimh san IPOI

I gcomhréir le Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide, chinntigh an IPOI gur ionad oibre inbhuanaithe agus freagrach ó thaobh an chomhshaoil de a bhí san Oifig in 2024 trí laghduithe ar astaíochtaí, trí thionscadail coigilte fuinnimh a chur i bhfeidhm chomh maith le héiteas glas a bhunú san Oifig.



Tá ról lárnach ag foireann na hoifige maidir le Plean Gníomhaíochta um Éifeachtúlacht Fuinnimh an Rialtais a sheachadadh a bhfuil sé mar sprioc aige ídiú fuinnimh a laghdú, feasacht na foirne ar éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht trealaimh téimh/ aerchóirithe. Tá coigilteas suntasach mar thoradh ar bhearta coigilte fuinnimh ó 2008 i leith, nuair a chuaigh an Oifig isteach sa fheachtas Optimising Power @ Work den chéad uair. Is tionscnamh tras-Rannach é seo atá á reáchtáil ag Oifig na nOibreacha Poiblí a bhfuil sé mar aidhm aige iompar na foirne a athrú i leith úsáid fuinnimh agus cur amú fuinnimh a dhíchur in oifigí poiblí.

Bunaithe ar shonraí dheireadh na bliana, tá 52% sábháilte ag an Oifig san iomlán ar ídiú fuinnimh ó chuaigh sí isteach sa fheachtas. Lean an Oifig ar aghaidh ag comhlíonadh na sprice 50% a socraíodh do 2030, a d'eascair as laghdú 65% ar leictreachas (foirgneamh ar fad) agus coigilteas 7% ar théamh. I mbliana, laghdaigh an IPOI, mar aon leis na hoifigí eile san fhoirgneamh, a lorg carbóin faoi bhreis is 56% i gcomparáid leis an mbliain tagarmhairc de 193 tonna CO₂ ollmhór. Tá ról mór ag oifigeach ainmnithe atá freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht fuinnimh san fhoirgneamh sna laghduithe leanúnacha ar úsáid fuinnimh.


In 2024, cuireadh tús le mhórtionscadal chun painéil fhótavoltacha gréine (PV) a shuiteáil ar dhíonta fhoirgnimh na hOifige. Is céim shuntasach é an tionscadal seo, atá sceidealaithe le bheith críochnaithe in 2025, i dtreo lorg comhshaoil na bhfoirgneamh a laghdú. Nuair a bheidh sé i bhfeidhm, táthar ag súil go nginfidh an tsuiteáil gréine cuid mhór de riachtanais fuinnimh na hOifige ar an láthair, rud a fheabhsóidh éifeachtúlacht fuinnimh iomlán. Leagtar béim sa tionscnamh seo ar an tiomantas d'fhuinneamh glan agus d'inbhuanaitheacht oibríochtúil fhadtéarmach.

9.0

Staitisticí Gnó

9.1 Paitinní

Fuarthas 774 iarratas ar phaitinn san iomlán in 2024, arb ionann é agus méadú de 31% ar an bhfigiúr comhfhreagrach in 2023. Ag deireadh 2024, bhí 1260 iarratas ar phaitinn ar feitheamh idir lámha san IPOI, arb ionann é agus méadú de 62% ar fhiigiúr 2023 de 777. Tá na méaduithe seo mar gheall ar ardú suntasach ar líon na n-iarratas a fuarthas ón tSín. Bhí 386 iarratas ag fanacht le fianaise ar úrnuacht a chur isteach, suas ó fhiigiúr 2023 de 159. Tá an figiúr stairiúil ard seo ag laghdú go seasta le roinnt blianta anuas. Ba é 153 líon na n-iarratas a fuarthas ó iarratasóirí sa Stát i gcomparáid le 200 in 2023.



Tábla 6

Paitinní


Iarratais a rinneadh				Paitinní Deonta		
Téarma Iomlán	Gearrthéarmach	Iomlán	Bliain	Téarma Iomlán	Gearrthéarmach	Iomlán
89	117	206	2022	37	34	71
128	461	589	2023	51	58	109
132	642	774	2024	27	83	110

9.1.1 Deimhnithe Forlíontacha Cosanta

Fuarthas 53 iarratas san iomlán ar Dheimhnithe Forlíontacha Cosanta (SPCanna) i rith na bliana faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Deimhnithe Forlíontacha Cosanta), 1992 (leighis) agus 1996 (táirgí cosanta plandaí). Le linn na bliana, deonaíodh 13 dheimhniú (cosaint leighis agus cosanta plandaí), diúltaíodh ceann amháin agus tarraingíodh siar 6 iarratas. Ag deireadh na bliana bhí 240 iarratas ar feitheamh, i gcomparáid le 207 in 2023.

Fíor 3

Iarratais ar Phaitinní agus Dheimhnithe Forlíontacha Cosanta 2022-2024




9.1.2 Iarratais ar Phaitinní Eorpacha

Bhí 194,693 iarratas ar Phaitinní Eorpacha a ainmníonn Éire sa bhliain 2024. B'ionann líon iomlán na n-iarratas ar Phaitinní Eorpacha in 2024 agus 199,264. I gcás gach stáit chonarthaigh de chuid Choinbhinsiúin na bPaitinní Eorpacha, is iondúil gurb ionann líon na n-ainmniúchán sna hiarratais agus beagnach 100% d'iomlán na n-iarratas, ós rud é go n-ainmnítear gach tír go huathoibríoch ar dtús. Deonaíodh 109,371 Paitinní Eorpacha a ainmníonn Éire in 2024.

Fíor 4

Iarratais ar Phaitinní Eorpacha a ainmníonn Éire 1994-2024



Léiríonn Fíor 4 líon iomlán na n-iarratas Eorpach a ainmníonn Éire. Níl an figiúr seo san áireamh i líon iomlán na bPaitinní a deonaíodh in 2024 a bhfuil éifeacht acu sa Stát.

Tábla 7

Paitinní a Deonaíodh in 2024 agus a bhfuil éifeacht acu sa Stát			
2024	Iomlán	Líon na bpaitinní a deonaíodh d'iarraitasóirí ó laistigh den Stát	% de na paitinní a deonaíodh d'iarraitasóirí ó laistigh den Stát
Deonta ag Oifig	109	21	19%
Deonta ag an EPO	109390	782	0.710%
Iomlán Deonta	109500	803	0.73%

Tábla 8

Sonraí Chlár na bPaitinní			
	2022	2023	2024
Paitinní agus iarraitais ar phaitinní ina n-ábhar sannta	1,161	633	971
Paitinní tugtha suas	0	0	0
Paitinní imithe i léig	109497	86155	93362
Paitinní athchóirithe/athbhunaithe	19	13	11
Paitinní athnuaite	61730	60419	60581
Paitinní éagtha	1,581	1,542	1776
Paitinní agus SPCann i bhfeidhm	167727	184230	198388
Éisteachtaí (ex-parte)	0	0	1
Iarraitais PCT a fuarthas le cur chuig WIPO	9	9	11
Iarraitais ar Phaitinní Eorpacha a fuarthas le cur chuig EPO	0	0	0

9.1.3 Clár na nGníomhairí Paitinne

Ag deireadh 2024, bhí 84 duine aonair agus ocht gcomhpháirtíocht cláraithe i gClár na nGníomhairí Paitinne. Reáchtáladh scrúdú Dlí agus Cleachtais na bPaitinní ar líne i mí Aibreáin 2024. Rinne naonúr iarrthóirí an scrúdú san iomlán, d'éirigh le seachtar agus theip ar bheirt le ráta rathúlachta foriomlán de 78%.

Aicmiú Paitinne

-  Déantar aicmiú ar phaitinní bunaithe ar a n-ábhar teicniúil,
-  Ag ceadú aisghabháil paitinní de réir nádúr na n-aireagán.

An tAicmiú Idirnáisiúnta Paitinne (AIP)

 Tá sé comhdhéanta de thart ar **70,000** Siombail Aicmithe,

Roinnte ar 8 rannóg bunúsacha A-H

Baíneann gach cuid le cineálacha difriúla bunúsacha teicneolaíochta.

-  **A** Riachtanais Daonna
-  **B** Feidhmiú Oibríochtaí
-  **C** Ceimic
-  **D** Teicstílí
-  **E** Tógáil Sheasta
-  **F** Innealtóireacht Mheicniúil
-  **G** Fisic
-  **H** Leictreachas

Déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras aicmithe lena chinntiú go gcuirtear teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn san áireamh.

Eisítear eagráin nua gach bliain.

Tugtar cód aicmithe do gach gné airgtheach i bpaitinn.

Féadfaidh Paitinn;

2 aireagán nó níos mó a bheith ann chomh fada agus a bhaineann siad a dhóthain, mar shampla, le comhdhúil cheimiceach nua agus a húsáid mar leigheas nó luibhicíd.

Dá réir sin, is féidir go dteastódh líon áirithe siombail aicmiúcháin lena n-ábhar ar fad a chlúdach.

9.1.4 Aicmiú na bPaitinní a Deonaíodh in 2024

Déanann an tábla agus an graf atá leis seo comhordú ar líon iomlán na n aicmí a leithdháileadh do phaitinní a deonaíodh in 2024. Seasann gach rangú ar leith do ní airgtheach a nochtar i bpaitinn, agus dá bhrí sin is ionann seo cuid mhaith agus cuntas scóir ar airgtheacht. Tá na haicmí curtha i ngrúpaí de réir rannóga IPC


Tábla 9

Aicmiú na bPaitinní a Deonaíodh in 2024

Aicmiú	Deontais
A Riachtanais Daonna: e.g. Ábhair bia, Sláinte, Nithe Pearsanta	17
B Feidhmiú Oibríochtaí: Iompar: e.g. Múnlú, Priontáil, Teicneolaíocht Feithicle	27
C Ceimic: Miotaleolaíocht	11
D Teicstílí: Páipéar	1
E Tógáil Sheasta: e.g. Foirgníocht, Druileáil, Mianadóireacht	34
F Innealtóireacht Mheicniúil: Soilsiú; Téamh; Airm; Pléascadh	16
G Fisic: e.g. Optaic, Ríomhaireacht, Fisic Núicléach	33
H Leictreachas: e.g. Ciorcaid leictreonacha, Leictreachas	9

Fíor 5

Aicmithe de Réir Aicmithe IPC do Phaitinní Deonaithe in 2024



9.2 Trádmharcanna

Leagtar amach sna táblaí seo a leanas na príomhstaitisticí gnó i ndáil le Trádmharcanna in 2024. Fuarthas 2,336 iarratas ar Thrádmharcanna Náisiúnta san iomlán, méadú de 118 i gcomparáid le 2023. Cláraíodh 1,949 iarratas. Fuarthas 829 clárú Trádmhairc Idirnáisiúnta san iomlán, arb ionann é agus laghdú de 63 ar fhigiúr 2023. Cosnaíodh 742 clárú Trádmhairc Idirnáisiúnta san iomlán.


Tábla 10

Iarratais ar Thrádmharcanna Náisiúnta				
Bliain	Faighte	Fógraithe	Curtha ina gCoinne	Cláraithe
2022	2019	1590	43	1675
2023	2218	1791	37	1220
2024	2336	2225	57	1949

Tábla 11

Clárú Trádmharc Idirnáisiúnta				
Bliain	Faighte	Fógraithe	Curtha ina gCoinne	Cláraithe
2022	1123	947	13	940
2023	892	920	12	967
2024	829	751	18	742

Fíor 6



9.2.1 Caicmiú Trád Maharcanna Cláraíodh In 2024

Rinne conradh iltaobhach ar a ghairtear “Comhaontú Nice Maidir le hAicmiú Idirnáisiúnta Earraí agus Seirbhísí chun Críocha Clárú Marcanna”. Tá Aicmiúchán Nice comhdhéanta de 45 ceannteideal aicmiúcháin a dhéanann cur síos an-leathan ar nádúr na n-earraí nó na seirbhísí atá i ngach ceann de na 34 aicme earraí agus na 11 aicme seirbhísí inar féidir trádmharcanna a chur. Riarann An Eagraíocht Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI) an t-aicmiúchán agus tá an t-eagrán reatha (11ú) i bhfeidhm ó Eanáir 1, 2024


Tábla 12

Aicmiú Trád Mharcanna, 2024*					
Aicme	Aicmiúchán Earraí	Iomlán	Aicme	Aicmiúchán Earraí	Iomlán
1	Táirgí Ceimiceacha, srl.	40	23	Snáitheanna	4
2	Péinteanna, srl.	23	24	Fíocháin (gréasáin), srl.	40
3	Ullmhóidí Tuartha, srl.	150	25	Éadaí, ag áireamh Buataisí, Bróga agus Slipéir	164
4	Olaí Tionsclaíochta, srl.	47			
5	Substaintí Cógaisíochta, srl.	225	26	Lása agus Bróidnéireacht, srl.	23
6	Miotail Choitianta agus a gcóimhiotail Neamhoibrithe agus Páirt Oibrithe	60	27	Cairpéid, srl.	13
			28	Cluichí, srl.	68
7	Meaisíní agus Inneal Úirlisí, srl.	43	29	Feoil, Iasc, Éineoil agus Géim, srl.	114
8	Uirlisí agus Ionstraimí Láimhe, Sceanra, srl.	29	30	Caifé, Tae, Cócó, Siúcra, Rís, srl.	161
9	Fearas agus Ionstraimí Eolaíochta, srl.	318	31	Táirgí Talmhaíochta, srl.	36
10	Uirlisí Máinliachta, srl.	60	32	Beoir, srl.	63
11	Fearas Soilsithe	78	33	Fíonta, Biotáille agus Licéir	99
12	Feithiclí; Fearas Gluaiseachta ar Thalamh, san Aer agus ar Uisce	51	34	Tobac, srl.	7
			35	Fógraíocht, Bainistiú Gnó, srl.	385
13	Airm Thine, Lón Lámhaigh agus Diúracáin; Substaintí Pléascacha; Spréachairí	1	36	Árachas, Gnóthaí Airgeadais, srl.	183
			37	Tógáil Foirgníochta, Deisiúchán, I Seirbhísí suiteála.	123
14	Miotail luachmhara agus a gCóimhiotail, srl.	36	38	Teileachumarsáidí	81
15	Uirlisí Ceoil (seachas meaisíní cainte agus fearas raidió)	5		Iompar, Pacáistiú agus Stóráil Earraí, srl.	101
16	Páipéar, srl.	211	40	Cóiriú Ábhar	41
17	Guma Peirc, Cúitiúc, srl.	16	41	Oideachas, Siamsaíocht, srl.	432
18	Leathar, srl.	49	42	Seirbhísí eolaíochta agus teicneolaíochta	231
19	Ábhair Thógála, srl.	45	43	Soláthar bia agus dí	141
20	Troscán, Srl.	54	44	Seirbhísí míochaine, srl.	164
21	Acraí Beaga Tí, srl.	73	45	Seirbhísí pearsanta agus sóisialta	89
22	Rópaí, srl.	15			

*Féadfar Trádmharc a chlárú i níos mó ná aicme amháin; dá bhrí sin, is mó líon iomlán na dtrádmharcanna sna haicmí ná líon na dtrádmharcanna atá cláraithe i ndáiríre.

Fíor 7

Na 5 Phríomh-Aicme Earraí Agus Seirbhísí 2024



Tábla 13

Sonraí Chlár na dTrádmharcanna			
	2022	2023	2024
Líon na dtrádmharc ina n-ábhar sannta	1161	1019	953
Líon na gceadúnas ar thrádmhairc taifeadta sa chlár	10	20	3
Clárúcháin trádmharc asbhainte de dheasca neamhíocaíocht na dtáillí athnuachana	2380	2187	1764
Clárúcháin trádmharc tugtha suas	19	6	5
Clárúcháin trádmharc tugtha ar ais	3	7	10
Clárúcháin trádmharc athnuaite	4144	3654	3296
Trádmhairc náisiúnta cúlghairthe go hiomlán nó i bpáirt	3	6	2
Trádmhairc idirnáisiúnta cúlghairthe go hiomlán nó i bpáirt	0	0	2
Trádmhairc náisiúnta fógraithe neamhbhailí	0	0	1
Trádmhairc idirnáisiúnta cláraithe i bhfeidhm	0	0	0
Trádmhairc náisiúnta cláraithe i bhfeidhm	50619	49938	49188
Trádmhairc Idirnáisiúnta i bhfeidhm	20417	20110	19656
Iomlán na dTrádmharc i bhfeidhm	71036	70048	68844

9.2.2 Clár na nGníomhairí Trádmharcanna

Ag deireadh 2024, bhí 247 duine aonair, agus 15 chomhpháirtíocht cláraithe ar an gClár. Reáchtáladh scrúdú Dlí agus Cleachtais na dTrádmharcanna ar líne i mí Aibreáin 2024. Rinne 28 iarrthóir an scrúdú trádmharcanna, d'éirigh le 16 agus theip ar 12 le ráta pas foriomlán de 57%.

Tábla 14

Éisteachtaí			
	2022	2023	2024
Éisteachtaí (ex-partes)	7	9	2
Éisteachtaí (idir -pháirtí)	0	2	5
Éisteachtaí (idir pháirtí trí aighneacht i scríbhinn nó páipéir a chomhdaíodh)	5	5	2
Iarratais le hiarratais Trádmhairc na bPobal Eorpacha a aistriú go hiarratais náisiúnta	35	35	36
Iarratais Trádmharc Idirnáisiúnta comhdaithe agus tarchurtha chuig WIPO	64	69	93

9.3 Dearaí

Leagtar amach sna táblaí seo a leanas na príomhstaitisticí gnó i ndáil le Dearaí Tionsclaíocha. Fuarthas 51 iarratas ar Dhearaí Náisiúnta san iomlán in 2024, lena n-áirítear 109 dearaí aonair. Cláraíodh 107 Dearaí i rith na bliana. Bhí 1,146 Dearaí Náisiúnta fós i bhfeidhm ag deireadh na bliana.


Tábla 15

Sonraí Clár Dearaidh			
	2022	2023	2024
Iarratais ar Dhearaí*	50	47	51
Líon na ndearaí iarrtha*	106	126	109
Dearaí cláraithe	102	115	107
Dearaí imithe in éag	91	152	511
Dearaí athnuaite	75	90	99
Dearaí i bhfeidhm	1,587	1,550	1,146

*Nóta: Forálann Riall 19 de na Rialacháin um Dhearaí Tionsclaíocha 2002 gur féidir suas le 100 dearadh ar a mhéad a chomhcheangal in aon iarratas amháin ar chlárú dearaí.

Fíor 8

Líon na ndearaí iarrtha do 2022-2024



9.3.1 Aicmiú Dearthaí a Cláraíodh in 2024

Bhunaigh conradh iltaobhach dá ngairtear “Comhaontú Locarnó ag bunú Aicmiúcháin Idirnáisiúnta do Dhearaí Tionsclaíocha” córas aicmiúcháin do dhearaí tionsclaíocha. Tá Aicmiú Locarnó comhdhéanta de liosta de 32 cineál earraí inar féidir dearaí tionsclaíocha a ionchorprú. Riarann An Eagraíocht Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI) an t-aicmiúchán agus tá an t-eagrán reatha (14ú) i bhfeidhm ó Eanáir 1, 2024.

Tábla 16

Aicmiú Dearthaí*		
Aicme	Aicmiúchán	Cláraithe*
1	Ábhair Bia	0
2	Baill éadaigh agus Mionéadaí	7
3	Earraí Taistil, Cásanna, Parasóil agus Earraí Pearsanta, nach bhfuil sonraithe in áit eile	0
4	Earraí scuaibe	0
5	Earraí Gréasáin Teicstíle, Leatháin Shaorga agus Nádúrtha	8
6	Feistis	12
7	Earraí Tí, nach bhfuil sonraithe in áit eile	1
8	Uirlisí agus Crua-earraí	0
9	Pacáistí agus Gabhdáin d’Iompar nó do Láimhseáil Earraí	12
10	Cloig, Uaireadóirí agus Ionstraimí eile Tomhais, Ionstraimí Seiceála agus Comharthaíochta	0
11	Earraí Maisiúcháin	37
12	Modhanna Iompair nó Árdaithe	1
13	Trealamh do Tháirgeadh, Dáileadh nó Tarchur Leictreachais	2
14	Trealamh chun Taifeadadh, Cumarsáide nó Aisghabháil Faisnéise	8
15	Meaisíní, nach bhfuil sonraithe in áit eile	0
16	Gaireas Fótagrafaíochta, Cineamatagrafaíochta agus Optaice	0
17	Uirlisí Ceoil	1
18	Meaisíní Priontála agus Oifige	0
19	Stáiseanóireacht agus Trealamh Oifige, Ábhair Ealaíontóirí agus Múinteoireachta	2
20	Trealamh Díolacháin agus Fógraíochta, Comharthaí	2
21	Cluichí, Bréagáin, Pubail agus Earraí Spóirt	4
22	Airm, Earraí Piortheicniúla, Earraí chun Fiaigh, Iascaireachta agus Marú Lotnaidí	0
23	Trealamh Dáilithe Leachta, Trealamh Sláintíochta, Téimh, Aerála agus Aerchóirithe, Breosla Soladach	1
24	Trealamh Míochaine agus Saotharlainne	0
25	Aonaid Foirgníochta agus Eilimintí Tógála	2
26	Fearas Soilsithe	1
27	Tobac agus Soláthairtí do Lucht Caite Tobac	0
28	Táirgí Cógaisíochta agus Cosmáide, Earraí agus Fearas Maisiúcháin	2
29	Gléasanna agus Trealamh in aghaidh Guaise Tine, Cosc ar Thionóisc agus chun Tarrthála	1
30	Earraí um Chúram agus Láimhseáil Ainmhithe	1
31	Meaisíní agus Fearas Ullmhúchán Bia agus Dí, nach bhfuil sonraithe in áit eile	0
32	Siombalacha Grafacha agus Comharthaí, Patrúin Dreacha, Ornadaíocht	11
	Iomlán	116

*Is feidir dearadh a bheith cláraithe i níos mó ná aicme amháin, agus dá bhrí sin sáraíonn líon na ndearaí sna ranganna líon na ndearaí atá cláraithe.

9.4 Cóipcheart

9.4.1 Comhbhainistíocht Ceart (CRM)

Le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Comhbhainistíocht Ceart) (Treoir 2014/26/AE), 2016 (I.R. Uimh. 156 de 2016), trasúodh an Treoir maidir le Comhbhainistíocht Ceart isteach i ndlí na hÉireann le héifeacht ón 10 Aibreán 2016.

Leis na Rialacháin, déantar Treoir 2014/26/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhbhainistiú cóipchirt agus ceart gaolmhar agus ceadúnú ilchríochach ceart i saothair cheoil lena n-úsáid ar líne sa mhargadh inmheánach (“an Treoir CRM”) a ionchorprú i ndlí na hÉireann. Tá dhá aidhm leis an Treoir CRM:

- a chinntiú go ngníomhaíonn eagraíochtaí comhbhainistíochta le leas a n-úinéirí ceart trí íoschaighdeán rialachais agus trédhearcachta a fhorfheidhmiú maidir le gach eagraíocht comhbhainistíochta Eorpac
- cabhrú le ceadúnú ilchríochach chearta na n-údar i saothair cheoil le haghaidh úsáidí ar líne.

Foráiltear leis na Rialacháin maidir le Comhbhainistíocht Ceart gurb é an Ceannasaí an t-údarás inniúil in Éirinn i dtaca le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialachán. Foráiltear leis na Rialacháin freisin nach mór do na heagraíochtaí comhbhainistíochta go léir a bhfuil a gceanncheathrú in Éirinn ráiteas bliantúil comhlíonta a chur faoi bhráid an Cheannasaí, in éineacht le hathnuachan a ndoiciméad clárúcháin. Tá feidhm ag na ceanglais chomhlíonta sna Rialacháin maidir le Comhbhainistíocht Ceart maidir le 10 cinn de na 14 chomhlacht ceadúnúcháin chóipchirt chláraithe atá ag feidhmiú sa Stát.

9.4.2 Tagairtí don Cheannasaí faoin Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000

Díospóidí idir daoine atá ag seinm taifeadtaí fuaime go poiblí agus úinéir an chóipchirt atá ar marthain sna taifeadtaí maidir leis an luach saothair cothromasach atá iníoctha le húinéir an chóipchirt, féadfar iad a tharchur chuig an gCeannasaí lena chinneadh faoi alt 38 den Acht. Díospóidí idir daoine nó eagraíochtaí a dteastaíonn ceadúnas uathu faoi scéim atá i bhfeidhm agus oibreoir na scéime sin maidir leis an luach saothair cothromasach atá iníoctha, féadfar iad a tharchur chuig an gCeannasaí lena chinneadh faoi alt 151 agus 152 den Acht. In 2024, níl aon díospóidí amuigh faoi láthair.

9.4.3 Cláir na gComhlachtaí Ceadúnúcháin faoin Cóipcheart agus Ceart Gaolmhar, 2000

Déantar foráil leis an Acht freisin do na Cláir seo a leanas a bheith á mbunú agus á gcoinneáil ar bun ag an gCeannasaí;

- Clár na gComhlachtaí Ceadúnúcháin Chóipchirt.
- Clár na gComhlachtaí Ceadúnúcháin um Chearta Maoine Taibheoirí.
- Clár na gComhlachtaí Ceadúnúcháin um Chearta do Bhunachair Sonraí

In 2024, cláraíodh 14 chomhlacht ar Chlár na gComhlachtaí Ceadúnaithe Cóipchirt, cláraíodh 1 chomhlacht ar Chlár na gComhlachtaí Ceadúnaithe um Chearta Maoine Taibheoirí agus ní raibh aon iontrálacha i gClár na gComhlachtaí Ceadúnaithe um Chearta Bunachair Sonraí. Is féidir na cláir a fheiceáil ar shuíomh Gréasáin Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann.

9.4.4 Saothair Dhílleachtacha

Is é is Saothair Dhílleachtacha ann ná saothair amhail leabhair, scannáin, ailt nuachtáin agus ábhar cruthaitheach eile a chosnaítear le cóipcheart sa chás nach féidir úinéir na saothar a fháil ná teagmháil a dhéanamh leis chun cead a fháil na saothair a úsáid. D'fhéadfadh go mbeadh na saothair sin mar chuid de bhailiúcháin atá i seilbh Eagraíochtaí Tairbhíocha amhail leabharlanna, músaeim, cartlanna, institiúidí oidhreacht scannáin agus fuaime, agus eagraíochtaí craoltóireachta seirbhíse poiblí. Leagtar amach i dTreoir an AE (Treoir 2012/28/AE) rialacha comhchoiteanna maidir le húsáid saothair dílleachtaí ag eagraíochtaí cultúrtha chun na hoibreacha sin a dhigitiú chun críocha neamhthráchtála gan cóipcheart a shárú. Tar éis cuardach díograiseach a chríochnú chun úinéireacht nó nádúr díleachta na noibre a bhunú, ní mór d'eagraíocht ar bith ar mian leo obair díleachta a chlárú sa Bhunachair Sonraí na Saothar Dílleachtach a chur ar líne chuig an EUIPO ar dtús a bheith cláraithe mar "Eagraíocht Tairbhíocht". Go dtí seo, tá ocht n-eagraíocht Éireannacha cláraithe mar Eagraíochtaí Tairbhíocha.



10.0

An Bosca Forbatha Eolais

Bunaíonn an tAcht um Bosca Forbartha Eolais (Dearbhí Aireagán) 2017, (Uimh. 6 de 2017) (an tAcht KDB) scéim deimhniúcháin le frontair bheaga agus mheánmhéide, a bhfuil aireagáin i bhfoirm maoine intleachtúla (IP) atá coibhéiseach le aireagán paitinnithe a chumasú chun cáiliú don KDB agus leas a bhaint as an ráta laghdaithe cánach corparáide.

Is FBManna incháilithe iad siúd a bhfuil ioncam acu ag teacht ó mhaoin intleachtúil de níos lú ná €7.5m agus le láimhdeachas domhanda níos lú ná €50m nuair a eascraíonn an brabús ó T&F. Forálann an tAcht go ndéanfaidh an Ceannasaí Paitinní, Dearthaí agus Trádmharcanna maoirseacht agus feidhmiú ar an scéim dheimhniúcháin seo. Ní féidir deimhniú KDB a eisiúint ach amháin sa chás gur aireagán úr, neamh-soiléir agus úsáideach é an t-aireagán. Ní hionann iarratas ar Dheimhniú KDB agus iarratas ar fhaoiseamh cánach agus ní bhronann deimhniú KDB aon chearta maoine intleachtúla ar shealbhóir deimhnithe.

10.1 Tuarascáil KDB

Ceanglaítear le halt 18 den Acht KDB orm faisnéis staidrimh a chur san áireamh maidir le líon na n-iarratas a fuarthas, a tarraingíodh siar nó a diúltaíodh, líon na ndeimhnithe a eisíodh agus faisnéis faoi líon na n-iarratas a ndearnadh athbhreithniú orthu agus toradh gach athbhreithnithe sa tuarascáil don Aire, a rinneadh de réir Alt 103(1) d'Acht na bPaitinní 1992. Ní nochtfaidh an tuarascáil aon sonraí faoi aireagán is ábhar d'iarratas. Ní bhfuarthas aon iarratas ar Dheimhniú KDB in 2024.

11.0

Reachtaíocht

Ceanglaítear le hAlt 103(1)(b) d'Acht na bPaitinní 1992 ar an Rialaitheoir sonraí na reachtaíochta go léir a rinneadh in 2024 a áireamh agus tá an Rialaitheoir freagrach as a riarachán.

Ní raibh ach athrú reachtaíochta amháin ann in 2024, agus bhain sé le reachtaíocht trádhmharcanna,

IR Uimh. 558 de 2024 Rialacháin na dTrádhmharcanna (Prótacal Mhaidrid) (Leasú) 2024

Leasaítear leis an I.R. seo Rial 21(1)(a) de Rialacháin IR Uimh. 346 de 2001 um Thrádhmharcanna (Prótacal Mhaidrid) agus Foirm Uimh. 2M sa Sceideal a ghabhann leis na Rialacháin chun foráil a dhéanamh maidir le clárúchán idirnáisiúnta a athsholáthar go páirteach ar chlárúchán trádhmhairc náisiúnta, eadhon nach ndéanfar ach cuid de na hearraí agus na seirbhísí atá clúdaithe ag an gclárú trádhmharcanna náisiúnta a liostú sa chlárú idirnáisiúnta.

Shínigh an tAire Higgins an I.R. ina dhlí an 15 Deireadh Fómhair 2024 agus tháinig sé i bhfeidhm an dáta sin.

12.0


Faisnéis Airgeadais

B'ionann glanfháltais a d'fhabhraigh chuig an Stáitchiste in 2024 agus €10.472m, méadú €235,000 nó 2.29% ar fhiigiúr 2023 de €10.237m. Tagann an chuid is mó d'ioncam táillí na hOifige ó tháillí athnuachana ar Phaitinní Eorpacha. Sa bhliain 2024, fuair an Oifig glanmhéid €7.537m i dtáillí athnuachana do Phaitinní Eorpacha a deonaíodh lena n-ainmnítear Éire, arb ionann é agus méadú 0.23% (€0.018m) ar fhiigiúr 2023. B'ionann an glanioncam comhcheangailte ó tháillí athnuachana paitinne Eorpacha agus Náisiúnta agus €8.362m in 2024. Tháinig méadú 10% ar ghlanfhiigiúr 2024 i gcomparáid leis an bhfiigiúr comhfhreagrach in 2023.

B'ionann an t-ioncam comhcheangailte ó tháillí paitinne, dearaidh agus trádhmairc (lena n-áirítear táillí trádhmairc idirnáisiúnta) agus €10.664m, méadú €0.23m nó 2.22% i gcomparáid le fiigiúr 2023 de €10.432m. B'ionann glanchaiteachas na hOifige do 2024 agus €4.127m, arbh ionann é agus méadú €0.21m thar an bhfiigiúr comhfhreagrach 2023 de €3.912m.


Fíor 9

Glantáillí Paitinne a fhabhraíonn don Stáitchiste



Fíor 10

Fáltais agus Speansais 2020-2024



12.1 Ráltais agus Speansais - An Bhlian dar Críoch an 31 Nollaig 2024⁴

Fáltais	€000
Táillí Paitinne (Nótaí 1 & 2)	8362
Táillí Trádmhairc	1415
Clárúchán ar Thrádmhairc Idirnáisiúnta – táillí a fuarthas ó EDMÍ (Nóta 3)	875
Táillí Dearaidh	12
Táillí eile	92
Lúide aisíochtaí i leith táillí a íocadh i ndearmad	72
Lúide táillí idirbhearta i leith íocaíochtaí ar-líne le cártaí creidmheasa	212
Fáltais ghlan fabhraithe don Státchiste	10472

Costais	€000
Tuarastail	2626
Taisteal & Cothabháil	62
Ilnithe & Focostais	137
Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide	71
Meaisíní Oifige agus Soláthairtí eile Oifige	604
Costais Áitreabh Oifige	123
Foinsí eolais, leabhair, tréimhseacháin, srl..	6
Síntiúis do Chumainn Mhaoine Tionsclaíocha	498
Glan Chostais	4127

Nóta 1: Ig teacht leis an gCoinbhinsiún don Phaitinn Eorpach, ina bhfuil Éire rannpháirteach, tá ar Oifig 50% de na táillí uile athnuachana a fhaightear i leith Paitinní Eorpacha a ndearnathas bailí orthu in Éirinn agus atá iontráilte ar chlár náisiúnta na bpaitinní, a chur chuig Oifig Paitinní na hEorpa (OPE).

	€000
Táillí Paitinne	15899
Lúide an cion dena táillí athnuachan paitinne a aistríodh go hOifig na bPaitinní Eorpacha	7537
Táillí Paitinne glan fabhraithe don Státchiste	8362

Nóta 2: Feidhmíonn Oifig mar Oifig fháltas d'iarratais ar phaitinní a dhéantar faoin Chonradh Comhair Paitinní agus sa cháilíocht sin faigheann sí táillí le tarchur chuig Oifig Paitinní na hEorpa agus chuig An Eagraíocht Domhanda um maoin Intleachtúil araon. Ní fhabhraíonn na táillí do Státchiste na hÉireann agus dá bhrí sin níl siad san áireamh sa bhfigiúr ar an bhfáltas glan. Seo a leanas mionsonraí ar na táillí a aistríodh chuig an OPE agus an EDMÍ i rith 2024.

	€
Táillí Bunaigh agus Sainithe CCP tarchurtha chuig EDMÍ, an Ghinéiv	19
Táillí cuardaigh CCP tarchurtha chuig OPE Munich	18
Iomlán	37

Nóta 3: De bhun daingnithe na hÉireann ar an bPrótacal maidir le Comhaontú Maidrid maidir le Clárú Idirnáisiúnta ar Mharcanna (Prótacal Maidrid) ar an 19 Iúil 2001, faigheann an Oifig táillí dlite i leith iarratas Idirnáisiúnta Trádmhairc a lorgaíonn cosaint in Éirinn, ón Eagraíocht Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMÍ).

4. Tá na figiúirí ioncaim agus caiteachais thuas san áireamh sna Cuntas Leithreasa RFTF 2024 neamhiniúchta. Foilseoidh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste cuntais leithreasa an rialtais láir iniúchta tráth nach déanaí ná an 30ú lá de Mheán Fómhair, sa bhliain i ndiaidh na bliana airgeadais lena mbaineann na cuntais.



13.0

Spriocanna Feidhmiúcháin 2024

Leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí na hOifige 2023 -2025 cur chuige an IPOI maidir le príomhghníomhartha áirithe a sheachadadh agus bunaítear freisin réimse spriocanna feidhmíochta a bhaineann le seachadadh seirbhíse a thuairiscítear thíos.

Paitinní				
		%		%
1	90% de na hadmhálacha foirmiúla comhdaithe a eisiúint d'iarratais ar Phaitinn ríomhchomhdaithe laistigh de 2 lá oibre.	90%	100% de na hadmhálacha foirmiúla comhdaithe a eisiúint d'iarratais ar Phaitinn ríomhchomhdaithe laistigh de 4 lá oibre.	96%
2	90% de na fógraí faoi lochtanna foirmiúla a eisiúint laistigh de 7 lá oibre ón gcomhdú	53.5%	100% d'fhógraí ar lochtanna foirmiúla a eisiúint laistigh de 15 lá oibre ón gcomhdú.	69.5%
3	Deonú 80% d'iarratais bhailí ghearrthéarmacha ar phaitinn a fhaomhadh laistigh de thréimhse 12 mhí ó chomhdú iarratais.	69%	Deonú 100% d'iarratais bhailí ghearrthéarmacha ar phaitinn a fhaomhadh laistigh de thréimhse 18 mí ó chomhdú iarratais.	88.5%
4	An chéad scrúdú a dhéanamh ar 70% d'iarratais ar phaitinn laistigh de 12 mhí tar éis iad a fháil sa rannóg scrúdaithe.	78%	An chéad scrúdú a dhéanamh ar 90% d'iarratais ar phaitinn laistigh de 18 mí tar éis iad a fháil sa rannóg scrúdaithe.	88%
5	Scrúdú substainteach a dhéanamh ar 75% d'iarratais ar phaitinn iomlán laistigh de 12 mhí	62%	Scrúdú substainteach a dhéanamh ar 90% d'iarratais ar phaitinn lánaimseartha laistigh de	67%
Deimhnithe Cosanta Forlíontacha				
		%		%
6	90% de na hadmhálacha foirmiúla comhdaithe maidir le hiarratais SPC ríomh-chomhdaithe a eisiúint ar an chéad lá oibre eile.	78%	100% d'admhálacha foirmiúla comhdaithe d'iarratais SPC ríomhchomhdaithe a eisiúint lais] tigh de 3 lá oibre.	92%
7	90% de na fógraí faoi lochtanna foirmiúla a eisiúint laistigh de 10 lá oibre ón dáta comhdaithe an SPC.	87.5%	100% d'fhógraí ar lochtanna foirmiúla a eisiúint laistigh de 15 lá oibre ó dháta comhdaithe an SPC.	87.5%
8	Scrúdú teicniúil a dhéanamh ar 90% de na hiarratais go léir ar Dheimhnithe Cosanta Forlíontacha 4 mhí ar a laghad roimh dháta éaga na paitinne bunúsaí.1	82%	Scrúdú teicniúil a dhéanamh ar 95% de na hiarratais go léir ar Dheimhnithe Cosanta Forlíontacha roimh dháta éaga na paitinne bunúsaí.	86%

1. Only refers to those applications which are received earlier than 12 months before the expiry date.



Trádmharcanna				
		%		%
9	Foirmiúlachtaí a sheiceáil agus 90% de na hadmhálacha foirmiúla comhdaithe d'iarratais ar Trádmharc ríomhchomhdaithe a eisiúint laistigh de 2 lá oibre.	98%	Foirmiúlachtaí a sheiceáil agus 100% d'adhmhálacha foirmiúla comhdaithe d'iarratais ar Trádmharc ríomhchomhdaithe a eisiúint laistigh de 4 lá oibre.	100%
10	90% d'iarratais TM a dheimhniú ar ghlacadh nó agóid tosaigh laistigh de 40 lá oibre ó chomhdú an iarratais.	94%	95% d'iarratais TM a dheimhniú ar ghlacadh nó agóid tosaigh laistigh de 60 lá oibre ó chomhdú an iarratais.	98%
11	Déan cuardach tosaigh maidir le 90% d'iarratais nua TM laistigh de 5 lá oibre ó iad a fháil.	84%	Déan cuardach tosaigh maidir le 100% d'iarratais nua TM laistigh de 8 lá oibre ó iad a fháil.	92.5%
12	90% de na cinntí in éisteachtaí a eisiúint laistigh de 20 lá oibre ón éisteacht.	100%	100% de na cinntí in éisteachtaí a eisiúint laistigh de 30 lá oibre ón éisteacht.	100%
Dearaí Tionscail				
		%		%
13	Seiceáil foirmiúlachtaí a dhéanamh agus admhálacha foirmiúla comhdaithe a eisiúint do 90% d'iarratais Dearaidh ríomhchomhdaithe laistigh de 2 lá oibre.	94.5%	Seiceáil foirmiúlachtaí a dhéanamh agus admhálacha foirmiúla comhdaithe a eisiúint do 100% d'iarratais Dearaidh ríomhchomhdaithe laistigh de 4 lá oibre.	94.5%
14	90% d'iarratais dearaidh a dheimhniú ar chlárú nó agóid tosaigh laistigh de 40 lá oibre ó chomhdú an iarratais.	97%	100% d'iarratais dearaidh a dheimhniú ar chlárú nó agóid tosaigh laistigh de 60 lá oibre ó chomhdú an iarratais.	100%
Cóipcheart				
		%		%
15	Scrúdú iomlán a dhéanamh ar thuarascálacha comhlíontachta agus ar riachtanais chlárúcháin agus Deimhnithe Clárúcháin nó Athnuachan Clárúcháin a eisiúint do 90% de na comhlachtaí ceadúnaithe cóipchirt 5 lá oibre roimh dháta éaga an chláráithe. ²	94%	Scrúdú iomlán a dhéanamh ar thuarascálacha comhlíontachta agus ar riachtanais chlárúcháin agus Deimhnithe Clárúcháin nó Athnuachan Clárúcháin a eisiúint do 100% de na comhlachtaí ceadúnaithe cóipchirt roimh dháta éaga an chláráithe.	94%
Ábhar ginearálta				
		%		%
16	90% de na hadmhálacha íocaíochta a eisiúint i leith táillí a fuarthas (seachas íocaíochtaí ar líne) laistigh de 2 lá oibre.	98%	100% de na hadmhálacha íocaíochta a eisiúint i leith táillí a fuarthas (seachas íocaíochtaí ar líne) laistigh de 4 lá oibre.	99%

2. 2. Tá an sprioc seo ag brath ar iarratais ar chlárú agus athnuachan cláráithe a bheith á gcur isteach níos mó ná 30 lá roimh an dáta athnuachana..



INTELLECTUAL PROPERTY

Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann
Oifigí an Rialtais
Bóthar Hebron, Cill Chainnigh
Éire R95 H4XC
T: (00353) 56 7720111
E: ipinfo@ipoi.gov.ie

www.ipoi.gov.ie



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland